



Curaclam
Thuaisceart Éireann

Drugaí Treoir do scoileanna i dTuaisceart Éireann

Leagan athbhreithnithe 2015

Cliceáil le dul ar aghaidh ►

Ábhar

Cuid 1 Intreoir

Cuid 2 Polasaí Scoile Maidir le Drugaí

Cuid 3 Ag Freagairt d'Eachtraí atá Bainteach le Drugaí

Tagairtí

Aguisíní

Buíochas (CCEA)

Tá CCEA an-bhuíoch do mhúinteoirí agus do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile agus do chomhghleacaithe ón Roinn Oideachais (RO), ón Údarás Oideachais (Bord Oideachais agus Leabharlann roimhe seo), ó Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS), ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ), ón Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí (PHA) agus ó Bhord Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an Oirdheiscirt a bhí ina mbaill den Ghrúpa Oibre Chomhairleach sna céimeanna forbartha agus comhairliúcháin agus le linn ullmhú na treorach seo.

Tabhair do d'aire

Úsáid na naisc ar chlé le do bhealach a dhéanamh tríd an áis seo.

Taobh istigh de bharr uachtair an doiciméid tá naisc siar chuig an phríomhleathanach inneachair seo (Baile), chuig na leathanaigh rannáin aonair agus chuig an bhosca dialóige priontála



Ábhar

Cuid 1 Intreoir

Cuid 2
Polasaí Scoile Maidir
le Drugaí

Cuid 3
Ag Freagairt d'Eachtraí
atá Bainteach le Drugaí

Tagairtí

Aguisíní

Intreoir

An comhthéacs a shocrú	1
Ról an oideachais	2
Cuspóir na treorach seo	2
Sainmhínithe	3
Toitíní leictreonacha ar áitreabh na scoile	4



Ábhar

Cuid 1
Intreoir

Cuid 2
Polasaí Scoile Maidir
le Drugaí

Cuid 3
Ag Freagairt d'Eachtraí
atá Bainteach le Drugaí

Tagairtí

Aguisíní

Polasaí Scoile Maidir le Drugaí

Eochairphrionsabail i bhforbairt polasaí	6
Monatóireacht agus féinmheastóireacht	7
Comhairliúchán	8
Struchtúr an pholasaí	8

Ábhar

Cuid 1 Intreoir

Cuid 2 Polasaí Scoile Maidir le Drugaí

Cuid 3 Ag Freagairt d'Eachtraí atá Bainteach le Drugaí

Tagairtí

Aguisíní

Ag Freagairt d'Eachtraí atá Bainteach le Drugaí

Cad é atá i gceist le heachtra atá bainteach le drugaí?	12
Ról agus freagrachtaí i scoil	13
Freagrachtaí dlíthiúla agus fios a chur ar an SPTÉ	15
Freagairtí i gcás eachtra a mheastar a bheith bainteach le drugaí	16
Freagairt na scoile d'eachtraí atá bainteach le drugaí	21
Cumarsáid i ndiaidh eachtra a measadh nó a dearbhaíodh a bheith ina heachtra a bhain le drugaí	25

Ábhar

Cuid 1
Intreoir

Cuid 2
Polasaí Scoile Maidir
le Drugaí

Cuid 3
Ag Freagairt d'Eachtraí
atá Bainteach le Drugaí

Tagairtí

Aguisíní

Aguisíní

Aguisín 1	Na Príomhchineálacha de Shubstaintí Rialaithe de réir Aicme	29
Aguisín 2	Teimpléad Eiseamláire Polasaí Maidir le Drugaí	31
Aguisín 3	Seicliosta de Róil agus de Freagrachtaí le linn Eachtra a Bhainistiú	35
Aguisín 4	Láimhseáil Eachtraí atá Bainteach le Drugaí	36
Aguisín 5	Foirm Thuairisce ar Eachtraí a Bhaineann le Drugaí	41
Aguisín 6	An Chomhpháirtíocht idir an Scoil agus an Pobal i gCoitinne a Neartú	43
Aguisín 7	Comharthaí a Aithint go Bhfuil Substaintí in Úsáid	45
Aguisín 8	Conair Tharchuir d'Eachtraí Sonraithe Scoile	46
Aguisín 9	Nósanna Imeachta Éigeandála	47
Aguisín 10	Teagmhálacha Úsáideacha i dTuaisceart Éireann Eagraíochtaí Náisiúnta	48 50

Intreoir

An comhthéacs a shocrú

I sochaí an lae inniu, in am éigin ina saol beidh teagmháil ag bunús na ndaoine le cineál éigin druga nó/agus úsáidfidh siad druga. Bíonn éifeacht ag mí-úsáid substaintí ar gach pobal i dTuaisceart Éireann, gan aird ar éagsúlacht inscne, éagsúlacht chultúrtha nó éagsúlacht shóisialta. Ní féidir le scoil ar bith, ná le tuismitheoir ná cúramóir ar bith a bheith réchúiseach ná smaoineamh nach bhfuil páistí agus daoine óga i gcontúirt.

Is é a léiríonn an taighde go fóill, go mbíonn líon suntasach daoine óga ag plé le substaintí amhail alcól, toitíní, lena n-áirítear toitíní leictreonacha, nó tuaslagóirí agus/nó gur bhain siad mí-úsáid as cógais ar oideas nó as substaintí eile faoin am a mbaineann siad aois na hiar-bhunscoile amach.

Léiríonn na príomhthorthaí ó *Young Persons Behaviour and Attitudes Survey (YPBAS)* (2013) maidir le daoine idir 11-16 bliana d'aois a ndearnadh suirbhé orthu i dTuaisceart Éireann:

- go raibh alcól ólta ag 38 faoin chéad acu;
- go raibh 38 faoin chéad acu ar meisce ar ócáid amháin ar a laghad;
- nach raibh alcól ceannaithe acu féin ag 82 faoin chéad acu;
- go bhfuair 77 faoin chéad acu oideachas faoi na contúirtí a bhaineann le halcól;
- go raibh 56 faoin chéad acu le grúpa cairde agus go ndúirt 26 faoin chéad eile acu go raibh siad le cara an t-am deireanach ar ghlac siad drugaí;
- gur táirgeadh tuaslagóirí le hionanálú do 9 faoin chéad acu;
- nár chaith 86 faoin chéad acu toitín;
- go raibh 4 faoin chéad acu a bhí ag caitheamh go rialta (ag caitheamh toitíní gach lá nó ar a laghad uair amháin sa tseachtain);
- gur ó shiopa nuachtáin, ó thobacadóir nó ó shiopa milseán a ceannaíodh 45 faoin chéad de chaiteoirí rialta a gcuid toitíní; agus
- gur chreid 28 faoin chéad de na daoine uilig a ndearnadh suirbhé orthu 'go raibh caitheamh toitíní ina chuidiú le hiad a shuaimhniú' agus gur chreid 31 faoin chéad acu go bhfuil 'claonadh ag caiteoirí a bheith níos "crua" ná daoine nach gcaitheann'.

Déanann an *New Strategic Direction for Alcohol and Drugs, Phase 2, 2011-2016*, (RSSSP) (DHSSPS) cur síos ar an rud a chaithfidh muid a chur i bhfeidhm leis an dochar a dhéanann mí-úsáid substaintí i dTuaisceart Éireann a laghdú. Ar aidhmeanna an chuir chuige thras-rannaigh seo tá 'deiseanna a chothú do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois le scileanna, barúlacha agus iompar cuí a fhorbairt le cuidiú leo cur in aghaidh brú ón tsochaí alcól a ól agus/nó mí-úsáid a bhaint as drugaí', agus béim ar leith ar na daoine a aithníodh go dtiocfadh leo a bheith i gcontúirt. Tá ról tábhachtach le himirt ag scoileanna a chur ar chumas páistí agus daoine óga cinntí eolasacha freagracha a dhéanamh agus cuidiú leo a bheith ábalta maireachtáil i sochaí a bhfuil dearcadh níos réchúisí ann maidir le substaintí.

Ról an oideachais

Is féidir leis an chóras oideachais freagairt ár dhóigh iomlánaíoch do mhí-úsáid substaintí. Áirítear leis sin:

- cuidiú le tosca a chothú a chosnaíonn páistí agus daoine óga ar pháirt a ghlacadh i mí-úsáid substaintí;
- eolas agus scileanna a chur ar fáil le roghanna níos sláintiúla a dhéanamh agus iompraíocht fhadhbach agus contúirt a laghdú; agus
- páistí agus daoine óga a threorú chuig seirbhísí agus tacaíocht chuí, nuair a aithnítear mí-úsáid.

Léiríodh gur thoisic rithábachtach é an dlúthchaidreamh maidir le cosc a chur ar mhí-úsáid fhadhbach substaintí. Neartaíonn sé caidrimh le baill teaghlaigh, le múinteoirí agus le daoine fásta eile atá freagrach go sóisialta agus cothaíonn sé mothú gaolmhaireachta. Fuair Resneck et al (1997) amach go raibh gaolmhaireacht tuismitheora-teaghlaigh agus an ghaolmhaireacht a mhothaítear ar scoil mar chosaint ar raon d'iompraíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don tsláinte.

Is féidir tuilleadh sonraí ar thosca rioscaí agus tosca cosanta a fháil in *The Power of Teachers in a Young Person's World*, atá ar fáil ag www.ccea.org.uk

Cuspóir na treorach seo

Tá sé ina cheanglas reachtúil do na scoileanna uilig i dTuaisceart Éireann:

- polasaí drugaí a bheith acu agus sonraí a fhoilsiú a bhaineann leis an pholasaí sa réamheolaire (*Education (School Information and Prospectuses) Regulations (Northern Ireland) 2003*);
- oideachas maidir le drugaí a sholáthar a chuimsíonn substaintí dleathacha agus substaintí midhleathacha (*The Education (Curriculum Minimum Content) Order (Northern Ireland) 2007*); agus
- insint do SPTÉ má chreideann siad nó má mheastar go bhfuil seilbh ag dalta ar shubstaint rialaithe (*Criminal Law Act (Northern Ireland) 1967*) (Féach Aguisín 1).

Tá an treoir seo ceaptha againn le cuidiú le scoileanna na rudaí a leanas a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a mheas agus a athbhreithniú:

- a bpolasaí maidir le drugaí lena chinntiú go dtacaíonn sé le polasaithe gaolmhara eile na scoile agus go gcomhlánaíonn sé iad; agus
- a nósanna imeachta le heachtraí agus ceisteanna a bhainistiú a mheastar a bheith bainteach le drugaí.

Caithfidh scoileanna freagairt do na dúshláin a bhaineann le mí-úsáid substaintí. Tá ceanglas reachtúil i gCuraclam Thuaisceart Éireann oideachas maidir le drugaí a chur ar fáil mar chuid den churaclam reachtúil fá choinne Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint (FPC) ag leibhéal bunscoile. Ag leibhéal iar-bhunscoile, soláthraíonn scoileanna oideachas maidir le drugaí tríd an tsnáithe Forbairt Phearsanta (FP) d'Fhoghlaim don tSaol agus don Obair. Tá na ceanglais sin ar fáil, chomh maith le treoir agus comhairle ar phleanáil, cur i bhfeidhm, seachadadh, measúnú agus monatóireacht FPC i Réimsí Foghlama Eochairchéim 1 agus 2 ag www.ccea.org.uk

Tá treoir agus comhairle ar Fhorbairt Phearsanta ar fáil chomh maith i Réimse Eochairchéim 3 den tsuíomh gréasáin.

Sainmhínithe

I gcás an doiciméid seo, clúdaíonn na téarmaí **druga** agus **substaint** táirge ar bith a ghlactar a athraíonn feidhmiú an choirp nó iompraíocht nó mothúcháin an duine, nó an rud a fheiceann sé nó a smaoiníonn sé.

Chomh maith leis na gnáth-tháirgí amhail tae agus caife, áirítear ina substaintí:

- alcól, tobac, agus táirgí atá bainteach le tobac, lena n-áirítear teiripe athchurtha nicitín (NRT) agus toitiní leictreonacha;
- cógais thar an chuntar amhail paracéiteamól agus cógas casachta;
- drugaí ar oideas, amhail antaibheathaigh, pianmhúcháin, frithdhúlagraín, antaishíocóisigh, análóirí agus spreagthaigh amhail Ritalín;
- substaintí so-ghalaithe amhail leachtanna ceartúcháin nó caolaitheoirí, breosla do lastóirí gáis, aerasóil, gliúnna agus peitreal;
- drugaí rialaithe amhail cannabas, LSD, eacstais, sulfáit amfaitimín (luasóg), beacáin draíochta, hearóin agus cócaon;
- substaintí úra sícighníomhacha (NPS), ar a dtugtaí siabhráin dhleathacha*, ina bhfuil substaint cheimiceach amháin nó níos mó a bhfuil éifeachtaí acu atá cosúil le héifeachtaí drugaí neamhdhleathacha agus a dhíoltar mar thúis, mar shalainn nó mar bhia plandaí agus iad marcáilte 'mí-oiriúnach d'ionghabháil dhaonna' le hionchúiseamh a sheachaint; agus
- substaintí eile amhail nítrít aimile agus nítrít búitile (ar a dtugtar popairí) agus beacáin draíochta neamhphróiseáilte.

*Ní úsáideann muid an téarma siabhrán dleathach níos mó ar an ábhar go bhfuil sé míthreorach. Chreid an pobal gurbh ionann 'dleathach' agus slán. Ní hamhlaidh atá, nó ní rialaítear na substaintí sin agus níl dóigh ar bith le fios a bheith ag duine cad iad na ceimiceáin atá iontu. D'fhoilsigh Rialtas na Ríochta Aontaithe paca acmhainní NPS d'oideachasóirí agus do chleachtóirí neamhfhoirmeálta. Tá sé ar fáil ar leabharlann dhigiteach C2k, Equella. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ar NPS ag www.drugscope.org.uk

Tá **substaintí rialaithe** aicmithe ó thaobh dlí de, de réir a dtairbhe nuair a úsáidtear iad i gcóir leighis nó de réir an dochair a dhéanann siad má bhaintear mí-úsáid astu. Leagann an tAcht um Mí-Úsáid Drugaí amach raon substaintí a rialaítear faoin acht. Is cion é a bheith i seilbh druga, a bheith i seilbh druga le rún é a sholáthar, soláthar druga, nó ligean do dhuine úsáid neamhdhleathach a bhaint as áitreabh ina maireann tú nó a bhainistíonn tú ar mhaithe le drugaí rialaithe a tháirgeadh nó a sholáthar. Tá ceithre chatagóir speisialta ag an Acht: Aicme A, Aicme B, Aicme C agus drugaí d'aicme shealadach. Is féidir drugaí a athaicmiú.

Ceadúnaíonn rialacháin Mí-Úsáid Drugaí, a cruthaíodh faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí, táirgeadh, seilbh, agus soláthar substaintí faoin acht. Áirítear leo sin cúig sceideal a aicmíonn gach cógas rialaithe agus gach druga rialaithe.

- Is in Sceideal 1 atá an leibhéal rialúcháin is airde, ach is annamh a úsáidtear drugaí sa ghrúpa seo i gcógais.
- Tá leibhéal rialúcháin i bhfad níos ísle in Sceideal 5.

Úsáid Drugaí: tagraíonn seo do dhruaga a ghlacadh; níl breith ar fhiúntas ann, cé go bhfuil a bheagán nó a mhórán de riosca ag baint le gach úsáid druga.

Mí-úsáid Drugaí: tagraíonn seo do ghlacadh drugaí nó d'úsáid alcóil atá dleathach, neamhdhleathach nó neamhcheadaithe arb é a thoradh fadhbanna sóisialta, síceolaíochta, fisiciúla nó dlí a bhaineann le meisce nó ró-úsáid rialta agus/nó spleáchas. Is éard is mí-úsáid drugaí ann mar sin drugaí a ghlacadh, lena n-áirítear drugaí ar oideas agus NPS, a dhéanann dochar don duine aonair, dá mhuintir agus dá chairde nó don phobal i gcoitinne.

Toitíní leictreonacha ar áitreabh na scoile

Is gléasanna anáilaithe gaile cadhnra-chumachtaithe atá i dtoitíní leictreonacha a mbíonn nictín iontu de ghnáth, chomh maith le gliocól próipiléine agus glicrín. Forbraíodh iad mar rogha ar tháirgí tobac agus de réir a chéile mhéadaigh an ráchairt orthu.

Cé go gcreideann muid gur lú an dochar a dhéanann toitíní leictreonacha ná an tobac, tá imní ann faoi an féidir iad a úsáid go sábháilte, go háirithe nuair a úsáideann páistí agus daoine óga iad, cionn is nach bhfuil margadh na dtoitíní leictreonacha rialaithe. Mhol an Príomhoifigeach Leighis (CMO) do Thuaisceart Éireann gur chóir do scoileanna toitíní leictreonacha a chosc ar a n-áitreabh, mar a dhéantar i gcás táirgí tobac, mar:

- go gcothaíonn nictín andúil agus tá an chontúirt ann má úsáidtear toitíní leictreonacha go gcuirfidh sin tús le caitheamh toitíní i gcás mórán daoine óga;
- tugann fianaise le tuiscint má bhíonn teagmháil ag ógánach le nictín go mb'fhéidir go mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha ann d'fhorbairt na hinchinne;
- mar gheall go bhfuil toitíní leictreonacha ar fáil agus go bhfuiltear á gcur chun cinn, tá an bonn á bhaint ón dul chun cinn a rinne an reachtaíocht in aghaidh cead caite le caitheamh a dhinormalú; agus
- níl go leor fianaise lena chinntiú cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an gal atá mar thoradh ar thoitíní leictreonacha dochar do shláinte an úsáideora san fhadtarma. Tá an scéal amhlaidh i gcás éifeacht gal thánaisteach a easanálaíonn an t-úsáideoir.

Chomh maith leis sin i gcás cartúis is féidir a athlíonadh, cartúis a úsáidtear i roinnt toitíní leictreonacha, tá an chontúirt ann go líonfaidh úsáideoirí iad le substaintí nach nicitín iad. Tá an seans ann go mbeidh sin ina dhóigh úr chontúirteach le drugaí eile a sheachadadh.

Mhol an Príomhoifigeach Leighis (CMO) don Roinn Oideachais cur lena treoir reatha do scoileanna a spreagann iad le cosc iomlán a chur i bhfeidhm ar chaitheamh in áitribh inmheánacha agus áitribh sheachtracha, agus toitíní leictreonacha a chur san áireamh. De thoradh na comhairle sin, d'eisigh an Roinn Ciorclán 2014/15 chuig gach scoil ar 15 Nollaig 2014. Tá teacht ar *Smoking Policy for Schools* leis an Údárás Fostaíochta (TNC 2000/3) ag www.deni.gov.uk

Le tuilleadh eolais a fháil faoin tobac agus NRT, gabh chuig www.want2stop.info
Le heolas a fháil ar thoitíní leictreonacha gabh chuig www.publichealth.hscni.net

Polasaí Scoile Maidir le Drugaí

Cuireann polasaí maidir le drugaí, ar chóir go gcuimseofaí ann drugaí ar oideas, SSN (NPS), tobac, taigí atá bainteach le tobac, toitíní leictreonacha agus alcól, ar chumas scoileanna:


- a chinntiú go bpléann gach ball de phobal na scoile le saincheistanna atá bainteach le drugaí ar dhóigh chomhsheasmhach;
- sainmhíniú a thabhairt ar na ról, na freagrachtaí agus na dualgais dhlíthiúla atá ar dhaoine éagsúla, ar a n-áirítear an príomhoide, an múinteoir ainmnithe maidir le drugaí, gach ball foirne (teagaisc agus neamhtheagaisc), gobharnóirí, daltaí agus tuismitheoirí nó cúramóirí;
- an dóigh a gcuirfidh siad oideachas maidir le drugaí i bhfeidhm agus é a sholáthar a shainnithint mar chuid den tsoláthar fhoriomlán FPCT nó FP sa churaclam;
- nósanna imeachta agus prótacail a fhorbairt trasna gach réimse de shaol na scoile a thugann faoi shaincheistanna atá bainteach le drugaí agus a phléann le heachtraí sainiúla a mheastar a bheith bainteach le mí-úsáid drugaí;
- saincheistanna níos leithne d'úsáid nó de mhí-úsáid drugaí a phlé mar chuid de chur chuige sa scoil uile.

Eochairphrionsabail i bhforbairt polasaí

Níor chóir don scoil a polasaí maidir le drugaí a mheas gan polasaithe eile curaclaim agus polasaithe tréadchúraim a chur san aireamh. Ba chóir go léireofaí sa pholasaí cur chuige comhtháite agus comhsheasmhach don oideachas agus do leas foriomlán phobal na scoile. Ní thiocfaidh athrach ar iompraíocht mar gheall ar eolas amháin, ach nuair a chuirtear i gcomhthéacs é, is féidir le Forbairt Phearsanta éifeachtach dearcthaí, luachanna agus ardaidhmeanna a mhúnlú agus teacht aniar i ndaoine óga a chothú. Nuair a thugtar tacaíocht do riachtanais shóisialta, mhothúchánacha agus iompraíochta na ndaltaí, cuidíonn sé le tógáil ar na próisis chosanta a sainnithníodh san intreoir. Is féidir acmhainní a thacaíonn leis an chlár iMatter, a phléann le sláinte mhothúchánach agus folláine daltaí, a fháil ar www.deni.gov.uk

Molann an National Institute for Health and Care Excellence (NICE) gur chóir do scoileanna cur chuige 'sa scoil uile' a ghlacadh chucu féin maidir le mí-úsáid substaintí, a chlúdaíonn gach rud ó fhorbairt polasaí agus timpeallacht na scoile go dtí oiliúint foirne agus tuismitheoirí agus daltaí a thabhairt isteach lena fhorbairt agus le tacú leis.

Is leiriú í Fíor 1 ar an dóigh a bhféadfaí polasaí scoile maidir le drugaí a nascadh le polasaithe eile scoile agus cur leo.



Monatóireacht agus féinmheastóireacht

Ba chóir do scoileanna meicníochtaí a chur i bhfeidhm le monatóireacht, le measúnú agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar an pholasaí agus ar sholáthar an churaclaim agus ar na nósanna imeachta, le saincheistanna atá bainteach le drugaí a láimhseáil. Ba chóir go gcuirfí athruithe ar chúinsí agus ar threochtaí sa scoil agus sa phobal áitiúil san áireamh. Tá próiseas le haghaidh féinmheastóireachta curtha ar fáil san fhoilseachán *Together Towards Improvement* de chuid an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO/ETI). Tá ceistanna rithábachtacha ann chomh maith le táscairí cáilíochta a thugann faoi shaincheistanna amhail tréadchúram agus cumhdach.

Mar chuid den phróiseas, ba chóir do pholasaí na scoile maidir le drugaí riachtanais oiliúna agus tacaíochta na foirne uilig (idir fhoireann teagaisc agus fhoireann neamhtheagaisc) a shaináithint agus freastal orthu leis an pholasaí a chur i bhfeidhm mar is cúí.

Comhairliúchán

Ba chóir do scoileanna a bpolasaithe a mheas agus a athbhreithniú ag céimeanna cuí le linn forbartha. Ba chóir don fhoireann, na daltaí, na gobharnóirí agus tuismitheoirí nó cúramóirí plé a dhéanamh ar shaincheistean ar bith a thagann chun tosaigh. Thig le scoileanna barúlacha a iarraidh ar ionadaithe den phobal i gcoitinne.

Cinntíonn comhairliúchán:

- go bhfaigheann daltaí tuiscint láidir ar threoir na scoile maidir le mí-úsáid substaintí;
- go bhfuil soláthar curaclaim inchreidte ann agus go bhfreagraíonn sé ar riachtanais agus ar ionchais daltaí;
- go dtuigeann tuismitheoirí nó cúramóirí polasaí na scoile maidir le drugaí agus an dóigh a mbaineann sé leo agus lena bpáistí; agus
- go bhfuil seasamh, cur chuige agus freagairt araíonachta chuí ag an scoil maidir le drugaí agus go gcuirtear dualgas cúraim na scoile san áireamh.

Is féidir le scoileanna comhairliúchán a éascú:

- trí chomhairlí scoile, grúpaí fócais agus pléghrúpaí a chur ar bun agus trí cheistneoirí do dhaltaí a chur ar fáil ar líne; agus
- trí thráthnónta tuismitheoirí nó cúramóirí, tráthnónta feasacht drugaí a réachtáil nó trí cheistneoirí a chur ar fáil do thuismitheoirí nó do chúramóirí le comhlíonadh.

Struchtúr an Pholasaí

Ba chóir go nasfaí an polasaí maidir le drugaí le polasaithe ábhartha eile na scoile agus go mbeadh sé comhsheasmhach leo. Ba chóir go gcuimseodh sé:

Réasúnaíocht – ag tabhairt míniú ar an fháth a bhfuil an polasaí ann agus ráiteas ar cé chomh dóchúil atá sé go mbeidh taithí ag daltaí sa scoil ar shubstaintí, lena n-áirítear tobac agus tairgí atá bainteach le tobac, toitíní leictreonacha, alcól, SSN (NPS), drugaí neamhdhleathacha, substaintí so-ghalaithe agus cógais ar oideas;

Éiteas – a léiríonn éiteas agus luachanna na scoile agus an phobail i gcoitinne, mar a léiríonn polasaithe uile na scoile;

Sainmhínte – ar cad é a chiallaíonn sé nuair a úsáideann an scoil téarmaí amhail ‘druga’, ‘substaint’ agus ‘úsáid drugaí’ agus ‘mí-úsáid drugaí’; agus

Aidhmeanna agus cuspóirí – a chuireann éiteas agus luachanna na scoile chun tosaigh.

Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag an pholasaí daoine óga a chosaint ar an dochar a bhaineann le húsáid agus le mí-úsáid substaintí.

Le tacú leis an aidhm seo, ba chóir go mbeadh cuspóirí soiléire ag scoileanna le:

- cur chuige comhsheasmhach a fhorbairt atá ag teacht le soláthar tréadchúraim na scoile do shaincheisteanna atá bainteach le drugaí agus a d'fhéadfadh gach ball de phobal na scoile a ghlacadh chuige féin;
- clár oideachais maidir le drugaí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú mar chuid de sholáthar FPCT agus FP taobh istigh den churaclam;
- nósanna imeachta agus prótacail a fhorbairt a thugann faoi shaincheisteanna atá bainteach le drugaí ar fud gach réimse de shaol na scoile;
- nósanna imeachta a bhunú le heachtraí sainiúla a mheastar a bheith bainteach le mí-úsáid drugaí a bhainistiú; agus
- éifeachtacht an pholasaí a mhonatóiriú agus a mheas sa dóigh go mbeidh siad ag teacht le nósanna imeachta féinmheastóireachta sa scoil uile.

Saincheisteanna ar chóir machnamh a dhéanamh orthu

Agus scoileanna ag forbairt an pholasaí seo agus á chur i bhfeidhm, ba chóir dóibh plé a dhéanamh:

- ar an phróiseas a lean siad leis an pholasaí a fhorbairt;
- ar na ról, na freagrachtaí agus na dualgais dhleathacha atá
 - ag an Bhord Gobharnóirí;
 - ag an phríomhoide;
 - ag an mhúinteoir ainmnithe maidir le drugaí;
 - ag daltaí;
 - ag an fhoireann (idir fhoireann teagaisc agus fhoireann neamhtheagaisc); agus
 - ag tuismitheoirí nó cúramóirí;
- ar na socruithe le haghaidh oiliúna agus comhroinnt eolais don fhoireann, do ghobharnóirí agus do thuismitheoirí nó do chúramóirí;
- ar na socruithe le heolas faoi fhreagairt na scoile d'eachtra a chur in iúl don fhoireann, do dhaltaí, do thuismitheoirí nó do chúramóirí agus do na meáin chumarsáide;
- ar na socruithe le haghaidh clár oideachais cuí maidir le drugaí a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú, agus aon ghníomhú le gníomhaíochtaí seachtracha ar bith, mar chuid de sholáthar FPCT nó FP (Féach Aguisín 6);
- ar nósanna imeachta a chur i bhfeidhm maidir le heachtraí sainiúla a mheastar a bheith bainteach le mí-úsáid substaintí a thuairisciú agus a bhainistiú, lena n-áirítear na bearta araíonachta a d'fhéadfadh an scoil a chur i bhfeidhm (ba chóir do scoileanna breac-chuntas ar na nósanna imeachta seo a chur san áireamh mar aguisín don pholasaí, féach Aguisín 4);
- ar an dóigh a ndéanfar an polasaí a mhonatóiriú, a athbhreithniú agus a mheas;
- ar an dóigh leis an pholasaí a chur in iúl don fhoireann, do na daltaí, na tuismitheoirí nó na cúramóirí uilig agus do ghníomhaíochtaí ábhartha eile; agus
- ar an áit a gcoinneofar an polasaí.

Ba chóir don scoil a nósanna imeachta a chur in iúl do thuismitheoirí nó do chúramóirí i réamheolaire na scoile. Ba chóir dóibh fosta cóip den pholasaí iomlán a chur ar fáil nuair a iarrtar í.

Riachtanais an Pholasáí

Ba chóir don pholasáí:

- múinteoir maidir le drugaí a ainmniú a bheas freagrach as an pholasáí a mhaoirsiú agus a mhonatóiriú agus as eachtraí a mheastar a bheith bainteach le mí-úsáid drugaí a bhainistiú;
- breac-chuntas a thabhairt ar na nósanna imeachta le heachtraí a mheastar a bheith bainteach le húsáid drugaí a bhainistiú, ar a n-áirítear tobac, táirgí atá bainteach le tobac, toitíní leictreonacha, alcól, substaintí sícighníomhacha nua, drugaí mídhleathacha, cógas ar oideas agus mí-úsáid substaintí luaineacha;
- freagairt na scoile a phleanáil sa dóigh go mbeidh sí ag teacht leis an pholasáí araíonachta i leith eachtraí atá bainteach le drugaí;
- ráiteas soiléir a chur ar fáil ar na cúinsí nuair a bheadh sé inghlachta an scoil a chuardach agus réadmhaoin daltaí a chuardach;
- nósanna imeachta ar gharchabhair éigeandála d'eachtraí atá bainteach le drugaí a shainaithint;
- breac-chuntas a thabhairt ar na nósanna imeachta le coigistiú substaintí a bhainistiú;
- suíomh slán sonraithe a chur ar fáil le substaint a choigistíodh a stóráil;
- treoirlínte a chruthú maidir le cógais ar oideas a thabhairt; (ba chóir do scoileanna breathnú ar an fhoilseachán *Supporting Pupils with Medication Needs* ag www.deni.gov.uk);
- eolas a chur ar fáil ar chláir scoir den tobac agus ar úsáid Teiripí Athchurtha Nicitín (NRTs) ceadúnaithe ar áitreabh na scoile (amharc ar an bhileog eolais ar ár suíomh gréasáin nó gabh chuig www.publichealth.hscni.net leis an fhoilseachán *Stopping Smoking Made Easier* a fháil;
- oiliúint a chur ar fáil don fhoireann uilig, lena n-áirítear baill foirne úra atá faoi ionduchtúchán le tacú le cur i bhfeidhm iomlán an pholasáí;
- acmhainní fóna cuí a chur ar fáil le tacú leis an pholasáí;
- conairí tarchuir a chomhaontú maidir le réimse cásanna ina bhfuil tacaíocht de dhíth ar an scoil ó ghníomhaíochtaí seachtracha;
- foinsí tacaíochta a shainaithint ag céim scríofa an pholasáí agus sonraí teagmhála a choinneáil le doiciméad an pholasáí (Aguisín 8);
- cód iompraíochta a dhréachtú do dhaltaí sinsearacha (aois 18) agus do bhaill foirne ar úsáid alcóil ar thurais scoile, ag imeachtaí scoile amhail dinnéir fhoirmiúla do dhaltaí na bliana deireanaí agus ag imeachtaí sóisialta i ndiaidh an dinnéir;
- daltaí iar-bhunscoile a chur ar an eolas faoin tSeirbhís Neamhspléach Comhairleoireachta do Scoileanna (Independent Counselling Service for Schools) (SNCS) (ICSS,) ar seirbhís proifisiúnta rúnda neamhspléach comhairliúcháin í atá scoilbhunaithe, agus atá maoinithe ag an Roinn Oideachais, ina n-úsáidtear próiseas cainte, éisteachta agus cumhachtaithe le cuidiú le daltaí a gcinntí féin a dhéanamh; agus
- daltaí bunscoile a chur ar an eolas faoi na seirbhísí neamhspléacha eile comhairliúcháin atá ar fáil.

Fostaithe a dtéann fadhb na ndrugaí i bhfeidhm orthu: Éilítear ar fhostóirí sláinte, sábháilteacht agus leas fostaithe a chosaint san obair de réir *The Health and Safety at Work (Northern Ireland) Order 1978*. Tá freagracht dhlíthiúil fosta ar fhostaithe lena sláinte agus sábháilteacht féin agus a gcomhghleacaithe a chosaint. Is féidir leat teacht ar *Alcohol and Drugs Misuse Policy* (TNC 2005/5) de chuid an Údaráis Fostaíochta ar www.deni.gov.uk

Maidir le fadhbanna a bhaineann le baill foirne ag úsáid alcóil agus/nó substaintí eile, ba chóir do scoileanna breathnú ar *Drugs Misuse at Work* atá le fáil ar www.hseni.gov.uk agus ar *Don't Mix it: A Guide for Employers on Alcohol at Work* atá le fáil ar www.hse.gov.uk. Tá leasuithe curtha i bhfeidhm ag an Teachers' Negotiating Committee (TNC) agus ag an Joint Negotiating Committee (JNC) araon ar a bpolasaí reatha *Smoking Policy for Schools* (TNC 2000/3) le toitíní leictreonacha a chur san áireamh. Is féidir teacht ar an pholasaí ar www.deni.gov.uk

Monatóireacht, Luacháil agus Athbhreithniú

Ba chóir do scoileanna nósanna imeachta agus prótacail a chur i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanann siad monatóireacht ar gach gné den pholasaí agus ar na haidhmeanna agus na cuspóirí atá ann. Ba chóir go mbeadh siad de réir na bpróiseas le haghaidh féinluachála mar a thugtar breac-chuntas orthu i *Together Towards Improvement*.

Is gá do scoileanna:

- critéir le haghaidh féinluachála a fhorbairt le rath an pholasaí agus cur i bhfeidhm an pholasaí a mheas;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an pholasaí go rialta, mar shampla, go bliantúil, agus go háirithe, i ndiaidh eachtra a mheastar a bheith bainteach le substaintí. Cinntíonn sé sin go mbaintear úsáid as an méid a foghlaimíodh ó eachtraí a tharla le bonn eolais a chur faoin chleachtas amach anseo agus go léirítear athruithe ar chúinsí agus ar threochtaí maidir le húsáid substaintí;
- baill chuí de phobal na scoile a bheith páirteach leis an pholasaí a mheas agus a athbhreithniú mar chuid den phróiseas féinluachála; agus
- an pholasaí a fháil daingnithe ag Bord na nGobharnóirí.

Ag Freagairt d'Eachtraí atá Bainteach le Drugaí

Tá tionchar ar gach gné den tsochaí, scoileanna san áireamh, mar gheall ar na fadhbanna de bharr mí-úsáid drugaí agus táirgí atá bainteach le tobac, lena n-áirítear toitíní leictreonacha agus alcól. Tá meath ar úsáid alcól agus ar chaitheamh tobac i measc daoine óga i dTuaisceart Éireann. Tá níos lú daoine óga ag fáil cóir leighis mar gheall ar úsáid drugaí. De réir an *Young Peoples' Behaviour and Attitudes Survey* (YPBAS), ní raibh ach líon beag daoine óga a raibh baint acu le heachtraí a bhain le bheith faoi thionchar substaintí, nó le seilbh a bheith acu orthu agus/nó le hiad substaintí a sholáthar do dhaoine eile. In ainneoin na gcomharthaí dearfacha, caithfidh múinteoirí, ar ndóigh, plé leis na cásanna seo ina seomraí ranga agus ina scoileanna.

Cuirtear eolas agus treoir ar fáil do scoileanna sa rannán seo ar an dóigh le tabhairt faoi eachtraí a mheastar a bheith bainteach le drugaí sa scoil, nó nuair atá daltaí ag taisteal chuig an scoil nó ón scoil nó nuair atá siad páirteach i ngníomhaíochtaí údaraithe atá bainteach leis an scoil.

Cad é atá i gceist le heachtra atá bainteach le drugaí?

I dtaca leis an treoir seo de, is féidir go mbeidh baint acu seo a leanas le heachtra atá bainteach le drugaí:

- dalta a léiríonn iompar neamhghnách neamhthipiciúil;
- líomhain;
- amhras go bhfuil substaint mar a shainmhínítear í ar leathanach 3 i seilbh duine, a leithéid a bheith i seilbh duine agus rún acu í a sholáthar, agus /nó a leithéid a sholáthar; agus
- teacht ar threalamh atá bainteach le substaintí.

Tá íogaireacht as cuimse de dhíth nuair atáthar ag pléigh le heachtraí a mheastar a bheith bainteach le substaintí. Cuideoidh an treoir seo leo siúd a bhfuil an cúram orthu saincheisteanna crua casta a láimhseáil agus cuirfidh sí ar a gcumas bheith cothrom agus comhsheasmhach agus iad ag déileáil le daltaí. Beidh níos mó tacaíochta ar fáil ag an scoil le cásanna atá bainteach le drugaí a láimhseáil go cuí, má nasctar an polasaí maidir le drugaí le polasaí na scoile maidir le cásanna criticiúla a bhainistiú agus le polasaí na scoile maidir le cumhdach agus cosaint leanáí.

Ról agus freagrachtaí i scoil

Ról an bhaill foirne aonair (ball foirne teagaisc agus ball foirne neamhtheagaisc), an fhoireann choimhdeach uilig san áireamh

Ba chóir go mbeadh gach ball foirne eolach ar pholasaí na scoile maidir le drugaí. Ba chóir go mbeadh siad go hiomlán eolach fosta ar a bhfreagrachtaí, dá dtarlódh eachtra atá bainteach le drugaí. Ní hé cúram na foirne é cinneadh a dhéanamh faoi na cúinsí a bhaineann leis an eachtra, ach ba chóir dóibh:

- an scéal a mheas agus cinneadh a dhéanamh ar na bearta cuí atá le déanamh;
- an príomhoide agus an múinteoir ainmnithe maidir le drugaí a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir;
- déileáil le nósanna imeachta éigeandála ar bith le sábháilteacht na ndaltaí agus na foirne a chinntiú, más gá (féach Aguisín 9);
- aon eolas, substaint nó trealamh a fuarthas a chur ar aghaidh chuig an mhúinteoir ainmnithe maidir le drugaí, agus freagróidh siadsan dá réir (féach Aguisín 4.1);
- úsáid a bhaint as Foirm Tuairisce Eachtra atá Bainteach le Drugaí atá ag an scoil le tuairisc ghairid fhíorasach a thabhairt faoin eachtra a mheastar a tharla, agus i a chur ar aghaidh chuig an mhúinteoir ainmnithe maidir le drugaí (féach Aguisín 5);
- riachtanais agus sábháilteacht dalta a mheas nuair atáthar á fhágáil faoi chúram tuismitheora nó cúramóra, atá, de réir cosúlachta, faoi thionchar an óil nó substaint eile (ba chóir do bhaill foirne, atá in loco parentis, atmaisféar suaimhneach a choinneáil nuair atáthar ag plé le tuismitheoir agus má táthar buartha, is cóir socruithe eile a phlé leis an tuismitheoir maidir le haire a thabhairt don dalta); agus
- nósanna imeachta cumhdaigh a chur i bhfeidhm, má tá an dalta i mbaol mar gheall ar iompraíocht tuismitheora nó cúramóra (féach Aguisín 4.5).

Ról an mhúinteora ainmnithe maidir le drugaí

Ba chóir do gach scoil múinteoir ainmnithe a cheapadh atá freagrach as drugaí agus ba chóir go mbeadh nósanna imeachta i bhfeidhm acu le cásanna a mheastar a bheith bainteach le mí-úsáid drugaí ar an áitreabh a láimhseáil. Ba chóir go mbeadh gach ball d'fhoireann na scoile, idir fhoireann teagaisc agus fhoireann neamhtheagaisc a bheith go hiomlán eolach ar nósanna imeachta na scoile agus ba chóir go mbeadh a fhios acu cé leis ar chóir dóibh dul i dteagmháil leo agus cad é ba chóir dóibh a dhéanamh nuair a mheastar go bhfuil seilbh ag duine óg ar dhruaí nó go bhfuil siad faoi thionchar drugaí, alcól san áireamh.

Tá an múinteoir ainmnithe freagrach as:

- comhordú a dhéanamh ar nósanna imeachta na scoile maidir le láimhseáil eachtraí a mheastar a bheith bainteach le drugaí agus ar oiliúint agus ionduchtú ar na nósanna imeachta seo do bhaill úra foirne agus baill reatha foirne;
- a chinntiú go bhfuil ráiteas cuí ag an scoil faoi aon fhreagairt araíonachta a bheadh ann mar gheall ar eachtraí a mheastar a bheith bainteach le drugaí;
- a chinntiú de go bhfuil ráiteas cuí i bpolasaí tréadchúraim na scoile faoi aon fhreagracht tréadchúraim a bheadh ann mar gheall ar eachtraí a mheastar a bheith bainteach le drugaí;

- teagmháil a dhéanamh le baill foirne eile atá freagrach as tréadchúram;
- a bheith mar phointe teagmhála do ghníomhaireachtaí seachtracha a d'fhéadfadh a bheith ag obair leis an scoil nó le dalta atá bainteach leis an scéal;
- freagairt do chomhairle ó gharchabhróirí, i gcás eachtra, agus an scéal a chur in iúl don phríomhoide ar chóir dó dul i dteagmháil le tuismitheoirí nó cúramóirí an dalta díreach láithreach;
- seilbh a ghlacadh ar aon substaint(i) agus trealamh bainteach ar bith a fhaightear le linn eachtra a mheastar a bheith bainteach le drugaí;
- dalta(i) bainteach le heachtra a mheastar a bheith bainteach le drugaí;
- tuairisc fhíorasach a chomhlíonadh ag baint úsáid as an Fhoirm Eachtra atá Bainteach le Drugaí agus í a chur ar aghaidh chuig an phríomhoide; agus
- an polasaí a athbhreithniú agus más gá, é a nuashonrú go bliantúil ar a laghad agus i ndiaidh eachtra a bhí bainteach le drugaí, nuair is féidir nósanna imeachta a fheabhsú mar gheall ar an taithí ón eachtra.

Mar gheall ar na freagrachtaí a bhaineann leis, ba chóir go mbeadh an múinteoir ainmnithe ina bhall de bhainistíocht shinsearach na scoile. Ba chóir don scoil ionadaí aitheanta a cheapadh nuair atá an múinteoir ainmnithe as láthair.

Ról an phríomhoide

Is é freagracht an phríomhoide fáil amach faoi chúinsí gach uile eachtra, ach is é freagracht an SPTÉ (PSNI) aon chion coiriúil nó aon eachtra a mheastar a bheith ina chion coiriúil a fhiosrú. Ba chóir don phríomhoide dul i dteagmháil láithreach le tuismitheoirí nó cúramóirí daltaí atá páirteach in aon eachtra ar bith a mheastar a bheith bainteach le drugaí. Ní mór don phríomhoide a chinntiú go bhfuil comhoibriú dlúth ann leis an SPTÉ (PSNI) in eachtra ar bith a bhaineann le substaint rialaithe. **Is cion coiriúil é gan an SPTÉ a chur ar an eolas faoi aon eachtra a mheastar a bheith bainteach le drugaí rialaithe.**

I ndiaidh dóibh dul i dteagmháil leis an SPTÉ, níor chóir do phríomhoidí ach na freagrachtaí seo amháin a chomhlíonadh:

- leas an dalta/na ndaltaí a bhí bainteach leis an eachtra agus leas na ndaltaí eile sa scoil;
- sláinte agus sábháilteacht le linn láimhseáil, stóráil agus diúscairt shábháilte druga ar bith nó trealamh ar bith atá bainteach le drugaí, agus lámhainní cosanta in úsáid i dtólamh;
- scéala a dhéanamh le Bord na nGobharnóirí;
- freagairt chuí thréadchúraim nó araíonachta a chomhaontú;
- tuairisc ar an eachtra a thabhairt don Údarás Oideachais nó do Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CSCC) más cuí, mar shampla má tá;
 - eachtra atá tromchúiseach go leor le go gcaithfidh baint a bheith ag SPTÉ léi;
 - cur i bhfeidhm nós imeachta maidir le cosaint páistí riachtanach mar gheall ar an eachtra;
 - dalta curtha ar fionraí nó díbeartha de bharr na heachtra; agus
- tuairisc scríofa a chomhlánú agus cóip di a chur chuig Bord na nGobharnóirí agus chuig an oifigeach ainmnithe san Údarás Oideachais nó sa CSCC.

Ról Bhord na nGobharnóirí

Tá gobharnóirí freagrach as a scoil féin. Ba chóir dóibh comhoibriú a dhéanamh le baill chúil foirne, le daltaí cuí agus le tuismitheoirí nó cúramóirí cuí maidir le spreagadh agus tacaíocht a chothú d'fhorbairt agus d'athbheithniú a bpolasaí maidir le drugaí. Ba chóir dóibh fosta:

- Deis a thabhairt do phobal na scoile, mar chuid de phróiseas comhairliúcháin, a dtuairimí a thabhairt faoi éifeachtacht agus faoi cháilíocht an pholasaí. Ba chóir do na Gobharnóirí iniúchadh a dhéanamh air, é a fhaomhadh agus a chur i bhfeidhm sa scoil;
- a chinntiú go bhfoilsítear sonraí an pholasaí i réamheolaire na scoile agus go ndéantar iad a athbheithniú ar bhonn bliantúil ar a laghad agus i ndiaidh eachtra a bhaineann le drugaí; agus
- a bheith feasach go hiomlán ar eachtraí a mheastar a bheith bainteach le drugaí, lena n-áirítear alcól agus tobac, táirgí a bhaineann le tobac, toitíní leictreonacha, agus oílte go maith le dul i ngleic leo, agus ar an fhreagairt chúil araíonachta.

Ó thaobh dea-chleachtais de, ba chóir go mbeadh gobharnóir ainmnithe ar gach bord gobharnóirí a mbeadh oiliúint shainiúil faighte aige, nó aici, maidir le saincheistanna a bhaineann le drugaí.

Freagrachtaí dlíthiúla agus fios a chur ar an SPTÉ

Freagrachtaí dlíthiúla na scoile

Caithfidh scoileanna a chinntiú go bhfuil an fhoireann uilig feasach ar na freagrachtaí dlíthiúla atá acu. Caithfidh scoileanna gach eachtra, a bhfuil liomhain nó amhras ann ina leith go ndearnadh coir, a chur in iúl don SPTÉ. **Is cion coiriúil é gan a leithéid a chur in iúl don SPTÉ.**

Caithfidh baill foirne a bheith feasach ar na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann le:

- eolas a fháil faoi dhruaga rialaithe;
- teacht ar dhuine óg agus druga rialaithe ina sheilbh aige; nó
- bheith ar an eolas go bhfuil baint ag duine óg le druga rialaithe a sholáthar.

Tá achoimre ar reachtaíocht chúil ar fáil ag www.ccea.org.uk

Teagmháil a dhéanamh leis an SPTÉ

Ba chóir do scoileanna teagmháil a bhunú agus a choinneáil leis an oifigeach ainmnithe sa limistéar áitiúil SPTÉ acu le freagairt chúil a chinntiú agus iad ag plé le heachtraí a mheastar a bheith bainteach le drugaí a tharlódh sa scoil. Tá oifigeach ainmnithe ag gach limistéar SPTÉ a thabharfaidh comhairle, agus a chomhaontóidh na nósanna imeachta a bheas le leanúint ag an scoil. Déanfaidh an SPTÉ iarracht i dtólamh gach eachtra a láimhseáil go gasta agus le discríd, le tuiscint agus le stuaim. Freagróidh oifigeach gan éide, nuair is féidir é, ag brath ar chúinsí agus ar chineál na coire a bhfuiltear in amhras faoi.

Caithfidh scoileanna an t-oifigeach SPTÉ áitiúil a chur ar an eolas i ngach cás a bhfuil, nó a mheastar go bhfuil, drugaí rialaithe i seilbh dalta, bíodh sin orthu féin nó ina seilbh, nó má fhaightear drugaí rialaithe ar áitreabh na scoile. Féadann substaintí nua sícighníomhacha nó cógais ar oideas a bheith san áireamh anseo. Níl aon cheanglas dlí ar scoileanna a chur in iúl don SPTÉ má mheastar go bhfuil mí-úsáid tuaslagóirí nó alcóil ag dul ar aghaidh, ach molaimid go insítear don oifigeach ainmnithe é. Beidh an t-oifigeach ar fáil le bheith ag obair le scoileanna, le daltaí, le tuismitheoirí nó le cúramóirí agus le gníomhaireachtaí cuí eile le tacaíocht, comhairle agus cuidiú a sholáthar a chuideoidh lena chinntiú nach dtarlóidh sé arís agus nach bhfuil an dalta i mbaol a thuilleadh.

Agallamh a chur ar dhaltaí

Thig leis an SPTÉ i gcúinsí áirithe, dalta a chur faoi agallamh ar áitreabh na scoile le comhaontú an Phríomhoide. Is féidir gur rogha é seo nach gcuirfidh isteach agus nach ngoillfidh chomh mór céanna ar an dalta le cuairt ar stasiún na bpóilíní. Más é seo rogha na scoile, déanfaidh an SPTÉ an t-agallamh de réir *The Police and Criminal Evidence (Northern Ireland) Order (PACE) 1989*. Tá treoirí daingne ann maidir leis an áit agus an uair a chuirfeadh an rogha seo i ngníomh. Caithfidh an scoil a seacht ndícheall a dhéanamh tuismitheoirí nó cúramóirí an dalta a chur ar an eolas sula dtarlóidh agallamh SPTÉ. Ní dhéanfaidh SPTÉ agallamh mura mbíonn na daoine cearta i láthair.

Freagairtí i gcás eachtra a mheastar a bheith bainteach le drugaí

Tinneas, iompar neamhghnách neamhthipiciúil

Thig le hiompraíocht daoine óga a bheith guagach aisteach ar léar mór cúiseanna le linn a gcuid ama ar scoil. Féadann athruithe san iompraíocht réimse deacrachtaí agus fadhbanna a léiriú agus thig leo bheith bainteach le riocht sláinte, seachas le mí-úsáid substaintí. Tá sé tábhachtach a aithint, áfach, go dtig le daltaí meisce, titim fhisiceach nó neamhaithne a bheith orthu mar thoradh ar an chéad uair a bhain siad triail as drugaí.

Ba chóir do bhaill foirne aon chomharthaí tinnis, iompraíocht neamhghnách neamhthipiciúil a chur in iúl don mhúinteoir ainmnithe le haghaidh drugaí. Níor chóir dóibh breithiúnas ar bith a thabhairt go dtí go bhfuil na cúinsí a bhaineann leis an eachtra cinntithe acu. Nuair a chreideann baill foirne gur chaith dalta substaint agus iad in amhras gur druga í, ba chóir dóibh cuidiú leighis a lorg go díreach i ndiaidh dóibh na nósanna imeachta éigeandála atá molta a leanúint. Caithfidh an scoil na tuismitheoirí nó na cúramóirí agus an SPTÉ a chur ar an eolas.

Is féidir leat faisnéis ar chomharthaí a bhaineann le húsáid substaintí in Aguisín 7. Le tuilleadh sonraí a fháil cuardaigh Signs and Symptoms of Drugs Use ag www.ccea.org.uk Tá sonraí ar nósanna imeachta éigeandála in Aguisín 9.

Seilbh a ghlacadh ar shubstaint a mheastar a bheith ina substaint rialaithe agus/nó ar threalamh a bhaineann léi

Ceadaíonn an dlí d'fhoireann scoile seilbh shealadach a ghlacadh ar shubstaint a mheastar a bheith ina druga rialaithe leis an dalta a chosaint ar dhochar agus chun an dalta a chosc ar choir na seilbhe a dhéanamh. Agus réamhchúraimí sábháilteachta in úsáid, ba chóir don mhúinteoir an tsubstaint atá faoi amhras agus trealamh/nó fearas gaolmhar ar bith a thabhairt chuig an mhúinteoir ainmnithe le haghaidh drugaí a luaithe agus is féidir. Ba chóir go ndéanfaí socrú i a stóráil go sabháiite go dtí go dtabharfar ar láimh d'oifigeach áitiúil de chuid SPTÉ i lena shainaithe an substaint rialaithe í. Níor chóir go ndéanfadh foireann scoile iarracht anailís a dhéanamh ar shubstaint neamhaithnid nó i a bhlaiseadh. Ba chóir go mbeadh finné fása i láthair nuair a dhéanann ball foirne an tsubstaint a choigistiú agus ba chóir don scoil Foirm Thuairisce ar Eachtra Drugaí na scoile a úsáid le taifead a choinneáil ar na sonraí.

Líomhain maidir le heachtra a mheastar a bheith ina heachtra bainteach le drugaí rialaithe

Cuardach a dhéanamh

Má fhaigheann an múinteoir ainmnithe le haghaidh drugaí líomhain go bhfuil substaint ina sheilbh ag duine, is féidir go mbeidh air, nó uirthí, deasc nó cófra dalta a chuardach, sa chás go gcreideann sé, nó sí, go bhfuil earraí mídhleathacha, lena n-áirítear drugaí rialaithe, istigh ann. Ní féidir le múinteoirí, áfach, sealúchas pearsanta sa deasc nó sa chófra a chuardach gan chead. Níor chóir don fhoireann sealúchas pearsanta dalta, mála scoile, cóta nó earraí eile san áireamh, ach le cead an dalta. Ba chóir don fhoireann an cuardach seo a dhéanamh nuair a bhíonn an dalta agus finné fása i láthair.

Má mheasann an scoil go bhfuil drugaí rialaithe ar iompar ag dalta ach iad i bhfolach orthu féin nó ina sealúchas, ba chóir don fhoireann gach iarracht a dhéanamh iad a spreagadh na substaintí seo a thabhairt suas go deonach. Ba chóir go n-iarrfadh an fhoireann ar dhalta a gcuid pócaí nó málaí scoile a fholmhú. Má dhiúltaíonn dalta, ba chóir go rachadh an fhoireann i dteagmháil lena chuid tuismitheoirí nó cúramóirí agus leis an SPTÉ agus an cas a fhágáil fúthu. **Níor chóir do bhall foirne cuardach fisiceach a dhéanamh in am ar bith ar dhalta.** Má fhaigheann baill foirne substaint nó rud a mheasann siad a bheith bainteach le drugaí, ba chóir dóibh seilbh a ghlacadh air agus Foirm Thuairisce ar Eachtra Drugaí na scoile a úsáid le taifead iomlán a dhéanamh.

Má dhiúltaíonn dalta dul faoi chuardach, caithfidh an scoil a dhearbhu an mó an tábhacht a bhaineann leis an dóchúlacht go bhfuil coir déanta ag an dalta ná an ceart atá acu chun príobháideachais, sula gcinneann siad ar chuardach gan chead a dhéanamh. Ba cheart go míneodh polasaí na scoile maidir le drugaí go soiléir na nósanna imeachta agus na cúinsí a bhaineann le cuardaigh nuair atá ábhar amhrais ann.

Seilbh Drugaí, Seilbh Drugaí agus Rún iad a Sholáthar agus Soláthar Drugaí Rialaithe

Caithfidh scoileanna a bheith ar an eolas go dtig le daltaí a bheith páirteach in eachtraí a mheastar a bheith bainteach le drugaí rialaithe ar lear mór dóigheanna difriúla. Orthu siúd, b'fhéidir, tá:

- seilbh drugaí;
- seilbh drugaí agus rún iad a sholáthar; agus/nó
- soláthar drugaí rialaithe.

Tá sé mídhleathach druga rialaithe a bheith i seilbh daltaí. Má thagann múinteoir ar dhalta a bhfuil, dar leis an mhúinteoir nó a mheasann an mhúinteoir, druga rialaithe ina sheilbh aige, ba chóir don mhúinteoir iarracht a dhéanamh seilbh a ghlacadh ar an tsubstaint agus an dalta a choinneáil. Ba chóir don mhúinteoir cuidiú a iarraidh ar an mhúinteoir ainmnithe le haghaidh drugaí, a phléifidh leis an eachtra de réir mar atá leagtha amach i bpolasaí na scoile.

Níl sé mídhleathach substaintí eile nach bhfuil rialaithe a bheith i seilbh dalta nó an dalta a bheith á n-úsáid, mar shampla alcól, tuaslagóirí, tobac, táirgí atá bainteach le tobac, toitíní leictreonacha, cógas thar an chuntar nó cógas ar oideas. Is féidir breathnú ar chógas ar oideas mar shubstaint rialaithe áfach, más le duine éigin eile é an t-oideas. Ba chóir don mhúinteoir fiosrú tosaigh a dhéanamh le soiléiriú a fháil ar cé leis an cógas. Socróidh sé sin cé acu ba chóir don scoil dul i dteagmháil leis an SPTÉ faoin eachtra nó a mhalairt. Cé gur substaintí sícighníomhacha nua iad roinnt substaintí anaithnide, ba chóir go bpléifeadh scoileanna le gach substaint anaithnid mar bheadh druga a mheastar a bheith rialaithe ann agus freagairt dá réir.

Agus í ag plé le páiste a bhfuil substaintí nach bhfuil rialaithe ina sheilbh aige, ba chóir go mbainfeadh an scoil úsáid as nósanna imeachta araíonachta nó tréadcúraim na scoile de réir pholasaí na scoile maidir le cosaint agus cumhdach an pháiste. Ba chóir go gcuirfeadh sí scéal chuig tuismitheoirí nó cúramóirí an pháiste. Sna cúinsí seo, níl aon dualgas dlíthiúil ar an scoil an t-eolas a roinnt leis an SPTÉ. Nuair a mhothaíonn an príomhoide go bhfuil saincheistanna ann i dtaca le foinse na substaintí seo, is féidir leis an scoil dul i dteagmháil leis an oifigeach ainmnithe san SPTÉ áitiúil le comhairle agus treoir a iarraidh.

Dalta a choinneáil

Agus eachtra a mheastar atá bainteach le drugaí á bainistiú aici, ba chóir don scoil cuireadh a thabhairt do na daltaí atá i gceist fanacht sa scoil faoi mhaoirseacht baill chuí foirne go dtiocfaidh a gcuid tuismitheoirí nó cúramóirí agus an SPTÉ.

Má dhiúltaíonn an dalta fanacht, ní féidir leis an scoil an dalta sin a choinneáil in éadan a thola. Sa chás go bhfuil ábhar réasúnta amhrais ag ball foirne, áfach, go bhfuil substaint rialaithe ina sheilbh aige nó gur chaith sé a leithéid, is féidir leis an bhall foirne gabháil saoránaigh a dhéanamh faoi Alt 26A den *Police and Criminal Evidence (Northern Ireland) Order (PACE) 1981*.

- Tá sé ceadmhach ag duine nach constábla é na daoine seo a leanas a ghabháil gan bharántas:
 - aon duine atá i mbun coir indíotáilte a dhéanamh; nó
 - aon duine a mheasann sé, bunaithe ar fhorais réasúnta, a bheith i mbun coir indíotáilte a dhéanamh.
- Nuair atá coir indíotáilte déanta is féidir le duine nach constábla é na daoine seo a leanas a ghabháil gan bharántas:
 - aon duine atá ciontach sa choir; nó
 - aon duine a mheasann sé, bunaithe ar fhorais réasúnta, a bheith ciontach sa choir.
- Ní féidir cumhacht na gabhála achoimre atá tugtha ag Alt (1) nó (2) a úsáid ach amháin:
 - má tá forais réasúnacha ag an duine atá ag déanamh na gabhála a chreidiúint go bhfuil sé riachtanach, ar chúiseanna ar bith acu siúd atá luaite in Alt (4), an duine atá i gceist a ghabháil; agus
 - má fheictear don duine atá ag déanamh na gabhála nach bhfuil sé indéanta go praiticiúil ag constábla an ghabháil a dhéanamh ina áit.
- Is iad na cúiseanna, ná an duine atá i gceist a chosc:
 - ar ghortú fisiceach a dhéanamh dó féin nó do dhuine ar bith eile;
 - ar ghortú fisiceach a fháil;
 - ar bheith ina chúis le cailleanas sealúchais nó le dochar do shealúchas a dhéanamh; nó
 - ar éalú sula dtig le constábla freagracht a ghlacadh as.

Tá achoimre ar an reachaíocht ábhartha le fáil ar www.ccea.org.uk

Roimh an ghabháil a dhéanamh ba chóir don bhall foirne na himpleachtaí a chur in iúl don dalta, ag dearbhú:

- nach bhfuil an dalta saor le himeacht i ndiaidh don bhall foirne a insint dó cad chuige a bhfuil sé gafa; agus
- go gcoinneofar é go dtí go bhfágfar é faoi chúram oifigeach de chuid an SPTÉ a bheas ag plé ansin leis an fhiosrúchán.

Caithfidh baill foirne a bheith ábalta a aithint nuair a bhíonn duine óg ag dul a bheith ina chontúirt dó féin nó do dhaoine eile. Ba chóir go gcuirfí in iúl don dalta fosta go bhfuil dualgas cosanta ann cionn is go bhfuil an ball foirne *in loco parentis*.

Aimsiú trealamh a bhaineann le drugaí

Is comhartha é trealamh i dtailte na scoile go bhfuil úsáid, nó mí-úsáid drugaí ag dul ar aghaidh. Ba chóir do dhuine ar bith de chuid phobal na scoile a thagann ar a leithéid a bheith iontach cúramach, cionn is go bhféadfadh earraí mar seo a bheith guaiseach. Ba chóir go gcuirfeadh duine ar bith a aimsíonn trealamh a bhaineann le húsáid drugaí, nó le mí-úsáid, drugaí sin a chur in iúl don mhúinteoir ainmnithe le haghaidh drugaí, a dhéanfaidh an cás a mheas agus a dhéanfaidh beart dá réir. D'fhéadfaidh sé go ndéanfar teagmháil leis an SPTÉ mar chuid den fhreagairt.

Níl an liosta seo a leanas uileghabhálach. Cuireann sé samplaí ar fáil do mhúinteoirí de na comharthaí go bhfuil substaintí rialaithe i láthair:

- buidéal bheaga nó boscaí piollairí;
- snáthaidí hipideirmeacha;
- cornaí páipéir;
- páipéir toitíní, lastóirí agus cipíní solais caite;
- buidéal athlíonta leachta do thoitíní leictreonacha (tá baol féideartha ann go bhféadfaí na cartúis athlíonta a úsáidtear i roinnt toitíní leictreonacha a líonadh le substaintí diomaite de nicitín, agus go mbeadh bealach nua contúirteach, b'fhéidir, ann le drugaí a sheachadadh);
- bunanna toitíní (an méid atá fágtha de thoitíní corntha i ndiaidh dóibh a bheith caite);
- cannaí, buidéal phlaisteacha nó coimeádáin atá pollta;
- athlínadh aerasóil nó bútáin; agus
- drugaí iad féin.

Eachtra a thaifeadh

Má mheasann an príomhoide go bhfuil eachtra tromchúiseach (amharc ar leathanach 14 le treoir a fháil), ba chóir don scoil scairt a chur ar an oifigeach ainmnithe de chuid an Údaráis Oideachais nó CSCC agus é a chur ar an eolas faoin eachtra agus ina dhiaidh sin taifead iomlán firiciúil scríofa den eachtra a dhéanamh.

Ba chóir do scoileanna ráitis a thugann daltaí a gcreidtear go raibh baint acu le heachtra, nó go bhfaca siad í, a thaifeadh go cúramach. Más eachtra é nach mbíonn ach fiosrú inmheánach scoile de dhíth uirthi, mar shampla teacht ar thoitíní ar áitreabh na scoile, caithfidh scoileanna a bheith ag plé le faisnéis ghoilliúnach ar bith faoi dhaltaí i modh slán rúnda. B'fhéidir go mbeadh ar scoileanna cuidiú duine eile fásta a fháil le tacú leis an mhúinteoir ainmnithe maidir le drugaí agus leis na daltaí a raibh baint acu leis an eachtra araon, go háirithe nuair a bheadh sé riachtanach na daltaí a chur faoi agallamh ar bhonn aonair. Tá eiseamláir de Thuairisc ar Eachtra Drugaí curtha ar fáil againn in Aguisín 5.

Nuair a bhíonn fiosrú SPTÉ de dhíth ar eachtra, tá an príomhoide freagrach as cúinsí gach eachtra a fháil amach. Tá an SPTÉ freagrach as cion coiriúil ar bith a fhiosrú, nó cion ar bith a chreidtear a bheith coiriúil. Sna cúinsí sin, níor chóir don scoil ráitis scríofa ar bith a ghlacadh ó na daoine a bhfuil baint acu leis an eachtra. Tá an t-oifigeach imscrúdaithe freagrach as bheith ag plé leis an eachtra agus as taifeadh na ráiteas uilig a bheadh de dhíth dá mbeadh cás cúirte ann.

Freagairt na scoile d'eachtraí atá bainteach le drugaí

Cinneadh a dhéanamh maidir le bearta araíonachta cuí

Ní ceart ná cuí sa cháipéis seo bearta araíonachta sonracha a lua ar chóir do scoileanna iad a chur i bhfeidhm maidir le heachtraí a bhfuil baint ag drugaí leo. Tá príomhoidí freagrach as cinneadh a dhéanamh ar an dóigh le bheith ag freagairt d'eachtraí ar leith, ag cur tosca san áireamh amhail:

- aois an dalta atá i gceist;
- ar bhain an eachtra le dalta amháin nó le grúpa daltaí;
- an bhfuil fianaise ann gur bhain brú piarghrúpa ar leith leis; agus
- méid an róil a bhí ag an dalta.

Níor chóir go mbeadh cur chuige neamhfhulaingthe ag scoileanna agus díbirt láithreach a bheith mar fhreagairt acu d'eachtra atá bainteach le drugaí. Ba chóir dóibh machnamh a dhéanamh ar na pionóis nó ar na gníomhaíochtaí ba mhó a bheadh ar leas an dalta san fhadtearma, fad a dhéanann siad sláinte agus leas na ndaltaí eile a chinntiú.

Ba chóir do scoileanna na tosca ábhartha a fhiosrú le tromchúis na heachtra, chomh maith leis na riachtanais atá acu siúd a bhfuil baint acu léi, a aimsiú agus ansin freagairt a dhéanamh ar dhóigh chúil. Ba chóir don scoil na rudaí thíos a chur san áireamh:

- An admhaíonn an dalta na líomhaintí?
- An é seo an chéad choir?
- An bhfuil an tsubstaint dleathach nó mídhleathach?
- Cad é an méid den tsubstaint a bhí i gceist?
- Cad é an spreagadh a bhí ag an dalta?
- An bhfuil an dalta eolach agus cúramach nó ar nós cuma liom maidir lena shábháilteacht féin agus le sábháilteacht daoine eile?
- An bhfuil tuismitheoir nó cúramóir nó ball teaghlaigh ag an dalta a bhíonn ag mí-úsáid drugaí?
- An bhfuil polasaí agus rialacha na scoile ar eolas ag an dalta agus an dtuigeann sé iad?
- Cá bhfuil an eachtra ar an scála ó 'seilbh méid beag' go dtí 'soláthar rialta'?
- Má chreideann an scoil go raibh soláthar ar bun ag an dalta, cá mhéad a bhí i gceist agus ar cuireadh iallach ar an dalta ról an tsoláthóra a chomhlíonadh, nó arbh é a sheal féin é drugaí a cheannach do dhaoine eile, nó an bhfuil fianaise ann gur soláthar eagraithe rialta atá i gceist?

Ba chóir don scoil éagsúlacht freagairtí a fhorbairt lena n-áirítear bearta araíonachta agus comhairliú araon agus a chuideodh, b'fhéidir, le daoine óga a chur i dtreo cóireáil agus tacaíocht chuí. Ba chóir go léireodh na freagairtí seo cineálacha éagsúla coireanna a bhaineann le drugaí (féach Aguisín 1) amhail:

- bheith faoi thionchar alcóil nó druga rialaithe;
- seilbh alcóil faoi choinne úsáid aonair nó lena dhíol nó a roinnt le daltaí eile;
- seilbh drugaí agus/nó seilbh drugaí agus rún drugaí rialaithe a sholáthar; agus
- druga rialaithe a sholáthar, bíodh sé le tabhairt do dhuine eile nó le díol le duine eile.

Ainneoin nach bhfuil difear dleathach idir soláthar le hairgead nó gan airgead, thig le scoileanna difear a dhéanamh sna freagairtí araíonachta atá acu. Caithfidh an scoil i dtólamh riachtanais daltaí aonair a chur san áireamh agus idirghabhálacha agus meicníochtaí tacaíochta cuí a bheith aici ina Polasaí um Chosaint agus Cumhdach an Pháiste.

Ba chóir do scoileanna réimse roghanna a fhorbairt le bheith ag freagairt do riachtanais shainaitheanta ag daltaí a bhfuil baint acu le heachtra drugaí. Cibé freagairt a chuireann an scoil i bhfeidhm, ba chóir go ndíreodh sí i dtólamh ar dheis a thabhairt do na daltaí foghlaim óna meancóga agus a bheith ag forbairt mar dhaoine aonair. Ba chóir go mbeadh an scoil ábalta aon bheart araíonachta a chuirtear i bhfeidhm a chosaint, de réir:

- tromchúis na heachtra;
- riachtanais shainaitheanta an dalta, agus is iad siúd is tábhachtaí sna cúinsí sin;
- riachtanais na ndaltaí eile, na scoile agus an phobail;
- rialacha agus ionchais foilsithe na scoile; agus
- beart araíonachta nuair a bhristear rialacha eile na scoile (mar shampla gadaíocht, le foréigean nó le bulaíocht).

Nuair atá baint ag dalta le heachtra, ba chóir don scoil iompraíocht mhaith agus rannpháirtíocht sa scoil san am a chuaigh thart, nó a mhalairt, a chur san áireamh, chomh maith leis an dóigh a rachadh, b'fhéidir, an pionós molta i bhfeidhm ar thorthaí oideachais an dalta. An bhfuil rudaí eile ag dul ar aghaidh i saol duine óg a d'fhágadh go mbeadh sé faoi thionchar daoine eile nó i mbaol maidir le roghanna míchearta a dhéanamh? Tá cásanna ann nuair a bheadh sé níos fóirsteanaí ligean do dhalta fanacht ar feadh tréimhse lena chuid oideachas reatha a chríochnú seachas dul ar aghaidh le díbirt láithreach.

Conarthaí iompraíochta

Nuair a bhíonn sárúithe tromchúiseacha araíonachta ann nó nuair a bhíonn fiosrú ar bun ag an scoil maidir le heachtra amhrasach a bhaineann le drugaí, thig léi conradh iompraíochta a chumadh agus a chomhaontú leis an dalta agus leis na tuismitheoirí nó na cúramóirí. Ba chóir don chonradh na téarmaí a leagan amach faoina mbeidh cead ag an dalta fanacht sa scoil chomh maith leis an dul chun cinn aige a mhonatóiriú. B'fhéidir go mbeadh ar an scoil an dalta a chosc ar ghnáththeagmháil a bheith aige lena chuid piaraí agus é ar scoil ar feadh tréimhse shocraithe ar dtús, go dtí go dtiocfadh feabhas ar an iompraíocht aige. Is féidir go mbeidh tacaíocht bhreise de dhíth leis an chur chuige seo ó ghníomhaireachtaí seachtracha le cuidiú leis an athrú a éascú. (Féach Aguisín 10).

Fionraí nó díbirt

Níor chóir go ndéanadh scoil dalta a dhíbirt ar an toirt i dtólamh cionn is gur bhris sé an dlí. Ba chóir di a bheith feasach, go háirithe i gcásanna a bhaineann le soláthar, ar an dualgas aici daltaí a chosaint ar chúinsí ina mbeadh substaintí ar fáil a bhféadfadh contúirt a bheith leo. Ba chóir di é sin a choinneáil i gcuimhne agus cinneadh á dhéanamh aici ar an fhreagairt d'eachtraí ar leith.

Is taobh istigh de théarmaí na scéimeanna a d'ullmhaigh an tÚdarás Oideachais, CSCC nó a Bord Gobharnóirí (ag brath ar an chineál bainistíochta) ba chóir don scoil plé a dhéanamh ar fhionraí nó díbirt nó iad a chur i bhfeidhm. Nuair a dhíbríonn scoil dalta go buan mar gheall ar choir atá bainteach le drugaí, déanfaidh an tÚdarás Oideachais nó CSCC a ndícheall áit i scoil eile a fháil don dalta. Nuair nach féidir sin a dhéanamh go gasta, cinnteoidh an tÚdarás Oideachais, de réir a oibleagáidí dlíthiúla, go ndéanfaidh sé soláthar Oideachais in Ionaid Eile Seachas ar Scoil (OIESS) go dtí go mbeidh socrúchán scoile eile ar fáil nó go mbeidh an dalta thar aois éigeantach scoile. I soláthar príomhshrutha nó soláthar OIESS is léir go mbeidh gá le tacaíocht chuí tréadchúraim a sholáthar do dhalta, lena n-áirítear feasacht ar dhrugaí agus comhairleoireacht.

Tuismitheoirí nó ar chúramóirí a thabhairt isteach sa scéal

Caithfidh scoileanna a chinntiú go gcoinníonn siad tuismitheoirí agus cúramóirí go hiomlán ar an eolas faoi nósanna imeachta na scoile nuair tharlaíonn eachtraí a mheastar a bheith bainteach le drugaí.

Ba chóir don mhúinteoir ainmnithe maidir le drugaí machnamh cúramach a dhéanamh ar an chur chuige atá aige agus é ag déanamh teagmhála le tuismitheoirí nó le cúramóirí. Ba chóir dó nós a dhéanamh de sin do gach eachtra a bhaineann le seilbh nó mí-úsáid drugaí. Ba chóir dó a sheacht ndícheall a dhéanamh teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí nó cúramóirí sula gcuireann sé fios ar na péas. Ba chóir dó fosta smaoineamh ar na tuismitheoirí nó na cúramóirí a d'fhéadfadh a bheith trína chéile dá dtarlódh eachtra a measadh a bheith bainteach le drugaí.

D'fhéadfadh go mbeadh scoil ag iarraidh a mholadh do thuismitheoir nó do chúramóirí mar fhoinsé tacaíochta dul i muinín an leabhráin *Dealing with Young people's Alcohol and other Drug Misuse – a guide for parents and carers*. Is féidir leo an leabhrán sin a íoslódail ó shuíomh gréasáin CCEA: www.ccea.org.uk

Tréadchúram

Le linn eachtra ar bith agus ina diaidh, caithfidh an scoil machnamh a dhéanamh ar na riachtanais ar leith atá ag an dalta nó na daltaí a bhí páirteach inti. Ba chóir go mbeadh na daoine a leanas páirteach: an dalta nó na daltaí, an príomhoide, na tuismitheoirí nó na cúramóirí, an múinteoir ainmnithe maidir le drugaí agus an fhoireann chuí tréadchúraim. D'fhéadfadh an t-oifigeach SPTÉ agus oifigeach leas oideachais (OLO) a bheith páirteach chomh maith, nuair is cuí. B'fhéidir go ndéanadh cumarsáid idir an fhoireann agus rannpháirtíocht luath na dtuismitheoirí nó na gcúramóirí an bealach a réiteach do luath-idirghabháil thacúil tréadchúraim.

I gcásanna áirithe, roimh eachtra atá bainteach le drugaí nó ina diaidh, ba chóir do scoileanna comhairleoireacht nó tacaíocht fhóirsteanach eile a aithint mar rud a d'fhéadfadh a bheith luachmhar do pháiste.

Ba cheart do scoileanna a bheith eolach ar an réimse gníomhaireachtaí speisialaithe, seirbhísí tacaíochta agus comhairleoireachta atá ar fáil a d'fhéadfadh tacú le dalta atá faoi chontúirt. Is féidir le scoileanna saintacaíocht a fháil i dtaca le caitheamh tobac ag www.publichealth.hscni.net agus www.want2stop.info

Mar chuid de fhreagairt tréadchúraim a phleanáil, ba chóir do scoileanna machnamh ar chonairí tarchuir a fhorbairt (Aguisín 8) a aithníonn gníomhaireachtaí tacaíochta agus teagmhálaithe ar leith ina gceantar áitiúil do raon eachtraí.

Ról na comhairleoireachta

Is annamh a dhíríonn comhairleoireacht ar mhí-úsáid drugaí amháin. Féadann sí díriú ar riachtanais atá níos iomlánaí, a léireodh fadhbanna a bhaineann le drugaí, 'an triúr tocsaineach', mar shampla:

- dochar folaithe, nuair a bhíonn tionchar ar an duine óg ag an mhí-úsáid a bhaineann na tuismitheoirí nó na cúramóirí as substaintí;
- foréigean sa bhaile; nó
- meabhairshláinte tuismitheora.

Ní oibríonn comhairleoireacht ach nuair atá fonn, ar an dalta leas a bhaint as an rud a chuirtear ar fáil dó. Tugann an RO maoiniú do Sheirbhís Comhairleoireachta Néamhspleách do Scoileanna (SCNS), agus tugann sin seirbhís scoilbhunaithe do dhaltaí atá ag aois iar-bhunscoile i scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta. Thig le daltaí iad féin a tharchur nó thig le tuismitheoir nó ball foirne iad a tharchur. De ghnáth níl sé cruthaitheach ná éifeachtach iarracht a dhéanamh comhairleoireacht a bhrú ar dhalta. B'fhéidir go ndéanfaidh an comhairleoir scoile, má bhíonn sé i láthair, agus/nó ceannaire tréadchúraim na scoile, riachtanais chuí tacaíochta do dhaltaí aonair a mheas agus go n-aithneodh sé cén duine is fearr a dhéanfaidh freastal ar na riachtanais seo.

Ba chóir do scoileanna cead an dalta a iarraidh i gcónaí sula gcuireann siad iad fá choinne comhairleoireachta. Ba chóir dóibh a mhíniú cén cuspóir agus cad iad na buntáistí atá ag dul le comhairleoireacht nó le tacaíocht chuí. Ba chóir do scoileanna rúndacht a chinntiú ar aon dul leis an Pholasáí um Chosaint agus Cumhdach an Pháiste atá ag an scoil.

Má aithníonn scoil gur bhain dalta triail as substaint rialaithe, nó go bhfuil contúirt ann go ndéanfaidh sé amhlaidh, ba chóir di comhairleoireacht nó tacaíocht chuí a thairiscint don dalta taobh istigh de na socrúithe ginearálta do thréadchúram na ndaltaí. Ba chóir don scoil fosta an rud a chur in iúl do thuismitheoirí an dalta.

Rúndacht

Ní féidir le scoileanna agus níor chóir dóibh rúndacht iomlán a ghealladh. Ba chóir dóibh teorainneacha na rúndachta a shoiléiriú dá gcuid daltaí. Ba chóir do bhaill foirne a bhfreagairt a mheas go cúramach, má thagann dalta chucu ag iarraidh comhairle aonair ar úsáid nó ar mhí-úsáid drugaí. Maidir le substaintí rialaithe, ba chóir don bhaill foirne a mhíniú don dalta nach dtig leo rúndacht a ghealladh. Má thugann an dalta eolas faoi

shubstaintí rialaithe, caithfidh an ball foirne sin a chur ar aghaidh chuig an mhúinteoir ainmnithe maidir le drugaí. Is féidir leis an bhall foirne an dalta a threorú chuig foinsí eolais agus comhairle rúnda agus chuig seirbhísí cóireála agus athshlánaithe (féach Aguisín 10) Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi na seirbhísí seo ag www.publichealth.hscni.net

Cumarsáid i ndiaidh eachtra a measadh nó a dearbhaíodh a bheith ina heachtra a bhain le drugaí

Baill foirne, daltaí agus tuismitheoirí nó cúramóirí

Ba chóir do scoileanna machnamh go cúramach ar an dóigh a gcuireann siad in iúl don fhoireann, do dhaltaí agus do thuismitheoirí agus cúramóirí eolas ar bith faoi eachtra ar bith a mheastar nó a dheimhnítear a bheith ina heachtra a bhain le substaintí. Níor chóir dóibh eolas a thabhairt ach do bhaill foirne a bhaineann le riachtanais tréadchúraim an dalta aonair. Níor chóir dóibh sonraí na heachtra ná ar tharla ina diaidh a insint ach do thuismitheoirí nó do chúramóirí an dalta nó na ndaltaí féin a bhain go díreach leis an eachtra.

Níor chóir do mhúinteoirí cásanna aonair a phlé le daltaí eile. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh ar scoil ráiteas ginearálta a dhéanamh le heolas a thabhairt do phobal scoile i ndiaidh eachtra má tá seans ann go gcruthóidh ráflaí atmaisféar diúltach.

Ag plé leis na meáin

Má fhaigheann an scoil fiosrú ó na meáin, níor chóir do dhuine ar bith ach an príomhoide nó ainmnitheach ceaptha freagairt don scairt. Le linn don scoil a bheith ag freagairt do na meáin, tá sé riachtanach go mbíonn meas ag an scoil ar phríobháideachas na ndaltaí agus a dteaghlach. Ba chóir don phríomhoide seicliosta de na príomhthosca cuí a ullmhú agus cinneadh a dhéanamh ar chóir teagmháil le SPTÉ sula n-eisíonn siad ráiteas. Ba chóir do gach ráiteas a dhéantar a bheith dearfach, gairid, fíorasach agus gan tuilleadh sonraí. Ba chóir do ráitis deiridh a bheith sólásach agus a chur in iúl arís eile gur phléigh an scoil go héifeachtach leis an eachtra.

Má tá ráiteas eile de dhíth ba chóir don phríomhoide athrá den bhunráiteas a thabhairt.

Tuairisciú do na húdaráis chuí

Ba chóir don scoil a insint don SPTÉ, má tá imní ar bith ar phríomhoide faoi shubstaint a fuarthas i seilbh dalta. Feidhmíonn an Drugs and Alcohol Monitoring Information System (DAMIS) mar chóras réamhrabhaidh i dTuaisceart Éireann. Bailíonn sé eolas faoi threochtaí i mí-úsáid drugaí atá ag teacht chun cinn agus cuireann sé eagraíochtaí rialtais ar an eolas le go mbeidh siad ábalta gníomhú go gasta agus eolas nó comhairle ábhartha a sholáthar do dhaoine a mhí-úsáideann drugaí.

Déanann DAMIS monatóireacht ar na rudaí a leanas:

- méadú tobann ar mhí-úsáid druga áirithe;
- drugaí á mí-úsáid ar dhóigheanna úra;
- drugaí úra a bheith ar fáil den chéad uair (mar shampla substaintí úra sícighníomhacha); agus
- drugaí éillithe nó drochbhaisceanna a bheith ar fáil ar na sráideanna.

Má tá imní ar bith ar scoileanna faoi shubstaintí a fuarthas ar a n-áitreabh, agus go háirithe faoi fhrithghníomhuithe díobhálacha a bhí ann mar gheall orthu, is féidir leo teagmháil a dhéanamh le DAMIS ag damis@hscni.net.

Is í an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSP) a dhéanann maoirsiú ar DAMIS le tacaíocht ón Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, ón Roinn Dlí agus Cirt agus ó SPTÉ.

Bíonn DAMIS ag láimhseáil gach eolas mar eolas rúnda agus ní ainmníonn sé an duine a sholáthraíonn an t-eolas.

Tagairtí

An tAonad Suirbhéireachta Lárnach, Gníomhaireacht Staitisticí agus Taighde Thuaisceart Éireann (GSTTÉ), *Young Persons' Behaviour and Attitudes Survey* (2013), ar fáil ag www.csu.nisra.gov.uk

An Roinn Oideachais (RO),

- Uimhir Ciorcláin 2003/15: *Education (School Information and Prospectuses) Regulations (Northern Ireland) 2003*
- Uimhir Ciorcláin 2012/19
- Uimhir Ciorcláin 2013/01
- Uimhir Ciorcláin 2014/25
- An tÚdarás Fostaíochta, *Smoking Policy for Schools*, (TNC 2000/3) (Nuashonraithe 2014)
- An tÚdarás Fostaíochta, *Alcohol and Drugs Misuse Policy and Procedures for Teachers in Grant-aided Schools*, (TNC 2005/5) (Nuashonraithe 2014)
- Your Emotional Health and Wellbeing (Clár iMatter)

Ar fáil ag www.deni.gov.uk

An Roinn Oideachais (RO), *Guidance for Education Otherwise than at School (EOTAS)*, ar fáil ag www.deni.gov.uk (Meán Fómhair 2014)

An Roinn Oideachais (RO), *Supporting Pupils with Medication Needs*, ar fáil ag www.deni.gov.uk (Feabhra 2008)

An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí (RSSSSP), *The New Strategic Direction for Alcohol and Drugs, Phase 2, 2011-2016*, ar fáil ag www.dhsspsni.gov.uk (Nollaig 2011)

Drugscope (thar ceann the Recovery Partnership), *Business as usual? A status report on new psychoactive substances (NPS) and 'club drugs' in the UK*, ar fáil ag www.drugscope.org.uk (Bealtaine 2014)

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO), *Together Towards Improvement*, ar fáil ag www.etini.gov.uk (Meán Fómhair 2010)

Ed Sipler, *Dealing with Young People's Alcohol and other Drug Misuse – A guide for parents and carers*, ar fáil ag www.ccea.org.uk Bord Sláinte an Oirthir (Leasaithe 2015)

Ed Sipler, *The Power of Teachers in a Young Person's World*, , ar fáil ag www.ccea.org.uk Bord Sláinte an Oirthir (Aibreán 2006)

An Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta (FSS), *Don't Mix It – A Guide for Employers on Alcohol at Work*, ar fáil ag www.hse.gov.uk (1996)

An Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta (FSS), *Drugs Misuse at Work – A Guide for Employers*, ar fáil ag www.hseni.gov.uk (1998)

Infheistiú Thuaisceart Éireann Invest agus Seirbhísí Díreacha Rialtais TÉ, *Workplace Policies on Smoking, Drugs and Alcohol*, ar fáil ag www.nibusinessinfo.co.uk

An Chartlann Náisiúnta

- Criminal Law Act (Northern Ireland) 1967
- Education (Curriculum Minimum Content) Order (Northern Ireland) 2007
- Health and Safety at Work (Northern Ireland) 1978
- Misuse of Drugs Act 1971
- Police and Criminal Evidence (Northern Ireland) Order 1989

Ar fáil ag www.legislation.gov.uk

Lárionad Náisiúnta Cóireáil Drugaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), *FAQs: Definition of Drug Misuse*, ar fáil ag www.addictionireland.ie

An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte, *Common health questions: What is a controlled medicine (drug)?* ar fáil ag www.nhs.uk

Insitiúid Náisiúnta um Fheabhas i gCúram Sláinte (NICE), *School-based Interventions on Alcohol*, ar fáil ag www.nice.org.uk (Samhain 2007)

An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, *Stopping Smoking Made Easier*, ar fáil ag www.publichealth.hscni.net (Eanáir 2015)

Resnick, M; Bearman, P; Blum, R; Bauman, K; Harris, K; Jones, J; Tabor, J; Beuhring, T; Sieving, R; Shew, M; Ireland, M; Bearinger, L; agus Udry, R, *Protecting Adolescents From Harm: Findings From the National Longitudinal Study on Adolescent Health*, Journal of the American Medical Association, (JIMA), ar fáil ag www.mdft.org (Meán Fómhair 1997)

Aguisín 1: Na Príomhchineálacha de Shubstaintí Rialaithe de réir Aicme

Misuse of Drugs Act (1971)

Aicme	Substaint	Seilbh	Soláthar agus táirgeadh
A	Cnagchócaon, cócaon, eacstais (MDMA), hearóin, LSD, beacáin draíochta, meatadón, meitiolamfataimín (meit chriostalach)	Suas le 7 mbliana i bpríosún, fineáil neamhtheoranta nó an dá rud	Suas le fad saoil i bpríosún, fineáil neamhtheoranta nó an dá rud
B	Amfaitimíní, barbatúráití, cannabas, cóidín, meitilfeanadáit (Ritalin), cannaibionóideacha sintéiseacha (mar shampla meifeadrón nó meiteacsataimín)	Suas le 5 bliana i bpríosún, fineáil neamhtheoranta nó an dá rud	Suas le 14 bliana i bpríosún, fineáil neamhtheoranta nó an dá rud
C	Stéaróidigh anablacha, beinsídhé-asaipíní (déiseapám), gáma-bútairealachtón (GBL), céataimín, pipioraisíní (BZP)	Suas le 2 bhliain i bpríosún, fineáil neamhtheoranta nó an dá rud	Suas le 14 bliana i bpríosún, fineáil neamhtheoranta nó an dá rud
Substaint d'aicme shealadach*	Comhdhúile NBOMe agus beinseafúráin	Rud ar bith, ach is féidir le póilíní substaint a mheastar a bheith ina substaint d'aicme shealadach a thabhairt leo	Suas le 14 bliana i bpríosún, fineáil neamhtheoranta nó an dá rud

www.gov.uk/penalties-drug-possession-dealing

Tabhair do d'aire go dtagraíonn an tábla thuas do roinnt drugaí atá ar fáil go forleathan. Ní liosta iomlán de dhrugaí rialaithe é.

Cionta faoin *Misuse of Drugs Act (1971)*

Áirítear leo sin:

- seilbh – bheith i seilbh go feasach ar méid beag de shubstaint rialaithe faoi choinne úsáid phearsanta; is iad na póliní a shocraíonn cad é is méid beag ann;
- seilbh drugaí agus rún substaint rialaithe a sholáthar do dhuine eile – bheith i seilbh méid níos mó de shubstaint nó í a phacaistiú ar dhóigh a léiríonn go solathrófar do dhaoine eile í;
- substaint rialaithe a sholáthar do dhuine eile – substaint a thabhairt do dhuine eile nó a dhíol leis, lena n-áirítear cairde; agus
- trealamh substainte a sholáthar nó tairiscint a dhéanamh iad a sholáthar – áirítear leis sin fearas le cannabis nó cnagchócaon a chaitheamh, ach tá snáthaidí agus steallairí díolmhaithe.

Aguisín 2

Teimpléad Eiseamláire Polasaí Maidir le Drugaí

Ba chóir do scoileanna a machnamh a dhéanamh ar na pointí a leanas le linn dóibh bheith ag forbairt polasaí maidir le drugaí.

Réasúnaíocht do pholasaí maidir le drugaí

Ba cheart a áireamh air sin:

- an ceanglas reachtúil polasaí a bheith aici agus oideachas maidir le drugaí a sholáthar mar chuid de sholáthar curaclaim na scoile;
- timpeallacht na scoile agus a cuid daltaí; agus
- oideachas a sholáthar agus an fáth a bhfuil sé tábhachtach.

Éiteas na scoile

Ba chóir dó sin luachanna agus tuairimí na scoile a leagan amach mar chomhthéacs dá cur chuige maidir le mí-úsáid drugaí agus clár le haghaidh oideachais maidir le drugaí.

Sainmhíniú ar ‘drugaí nó substaint’, ‘úsáid’ agus ‘mí-úsáid’ i gcomhthéacs an pholasaí seo

Ba cheart a áireamh orthu sin sainmhínithe soiléire ar an téarmaíocht a úsáideann an scoil ina Polasaí Maidir le Drugaí.

Aidhmeanna agus cuspóirí

Ba chóir don scoil a cuid aidhmeanna agus cuspóirí a rá go soiléir. Ba cheart go n-áireodh sí:

- ráiteas soiléir ar dhearcadh na scoile ar úsáid agus mí-úsáid drugaí agus ról an oideachais maidir le drugaí;
- achoimre ar an riachtanas atá le cur chuige leanúnach i dtaobh oideachais maidir le drugaí agus eachtraí a bhainistiú ar aon dul lena bpolasaithe tréadchúraim agus lena bpolasaithe um chosaint agus cumhdach leanaí;
- achoimre ar an riachtanas le nósanna imeachta agus prótacail a bheith i bhfeidhm ar a ndéanfaidh an scoil luacháil agus athbhreithniú ar aon dul le gach polasaí scoile eile; agus
- próisis monatóireachta, luachála agus athbhreithnithe a nglacfar leo taobh istigh de thréimhse ama a shonraítear.

Ról, freagrachtaí agus dualgais dhlíthiúla na ndaoine a leanas:

- Bord na nGobharnóirí;
- an príomhoide;
- an múinteoir ainmnithe maidir le drugaí ;
- an fhoireann uilig (idir bhaill teagaisc agus bhaill neamhtheagaisc); agus
- daltaí agus tuismitheoirí nó cúramóirí.

Oideachas maidir le drugaí sa churaclam

Ba chóir do scoileanna na rudaí a leanas a sholáthar:

- eolas faoin dóigh a gcuirfidh siad oideachas maidir le drugaí ar fáil mar chuid de FPCT ag bunscoil nó FP ag iarbhunscoil;
- naisc leis an chlár tréadchúraim ar fud na scoile;
- naisc le réimsí eile foghlama; agus
- comhairle faoi ghníomhaireachtaí seachtracha a úsáid le hoideachas maidir le drugaí a chur ar fáil (Aguisín 6).

Nósanna imeachta le heachtraí a bhainistiú a mheastar a bheith bainteach le drugaí

Caithfidh scoileanna:

- a mhíniú cad é is eachtra ann ó pheirspictíocht na scoile;
- raon freagairtí a sholáthar bunaithe ar an chineál eachtra atá i gceist. B'fhéidir go mbeadh baint ag na daoine seo a leanas léi:
 - daltaí;
 - tuismitheoirí nó cúramóirí; nó
 - ball den fhoireann teagaisc nó den fhoireann neamhtheagaisc;
- breac-chuntas a thabhairt ar na tosca agus na nósanna imeachta atá ann maidir le daltaí a chuardach agus a choinneáil;
- treoir a thabhairt faoi shubstaintí amhrasta a choigistiú
- comhairle a thabhairt faoi shubstaintí a bhfuil amhras ann fúthu a láimhseáil, a stóráil agus a dhiúscairt; agus
- naisc le sonraí polasaí a sholáthar.

Rúndacht

Ba chóir do scoileanna:

- a mhíniú do dhaltaí nach dtig leo rúndacht a ghealladh in am ar bith; agus
- maidir le heolas ar bith a bhaineann le gníomhaíocht a mheastar a bheith ina gníomhaíocht choiriúil a bhaineann le drugaí, an t-eolas sin a chur ar aghaidh chuig an mhúinteoir ainmnithe, SPTÉ agus an tÚdarás Oideachais nó CCMS.

Freagairtí araíonachta nó tréadchúraim

Caithfidh na scoileanna:

- a chinntiú go bhfuil freagairt ar bith ar eachtra atá bainteach le drugaí ag teacht le Polasaí Araíonachta agus Polasaí Tréadchúraim na scoile; agus
- sláinte agus folláine an dalta a chur san áireamh le linn dóibh a bheith ag tabhairt freagairt chuí d'eachtra atá bainteach le drugaí.

Soláthar seirbhísí comhairleoireachta sa scoil:

Ba chóir do scoileanna na rudaí a leanas a shainaithint:

- na seirbhísí comhairleoireachta atá ar fáil do dhaltaí;
- an dóigh le teacht ar sheirbhísí comhairleoireachta agus le monatóireacht agus luacháil a dhéanamh orthu;
- na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do thuismitheoirí agus do chúramóirí (Aguisín 10); agus
- na conairí tarchuir do raon cásanna (Aguisín 8).

Treoirínte maidir le cógas ar oideas a thabhairt

Nuair atá scoileanna freagrach as cógas ar oideas a thabhairt, caithfidh siad tagairt d'fhoilseachán na Roinne Oideachais, *Supporting Pupils with Medication Needs*, ar fáil ag www.deni.gov.uk

Ba cheart a áireamh air sin an dóigh a ndéanfaidh scoileanna bainistiú ar dhalta atá páirteach i gcláir scoir den tobac agus an fhéidearthacht ann go bhfuil siad ag baint úsáid as NRT ceadúnaithe sa scoil. Ní hionann toitíní leictreonacha agus NRT, ach amháin nuair is táirgí ceadúnaithe iad a d'ordaigh gairmí cúram sláinte go sonrach le haghaidh scor ón tobac.

Nósanna imeachta le haghaidh Garchabhair Phráinneach

Ba chóir d'fhoireann na scoile bheith eolach ar nósanna imeachta i gcás éigeandála leighis. Ba chóir na nósanna imeachta sin a lua sna haguísíní (Aguisín 9).

Baill foirne ag úsáid alcóil nó ag caitheamh ar áitreabh na scoile, ar thurais scoile agus ag imeachtaí eile sóisialta

Ba chóir do scoileanna tagairt do na rudaí a leanas:

- polasaí an ionaid oibre ar chaitheamh, ar dhruagaí agus ar alcól ag www.nibusinessinfo.co.uk;
- *Don't Mix It: A Guide for Employers on Alcohol at Work* ó www.hse.gov.uk;
- *Drugs Misuse at Work: A Guide for Employers* ó www.hse.gov.uk;
- polasaí na scoile ar chaitheamh lena n-áirítear úsáid toitíní leictreonacha ar scoil; agus
- an cód iompair maidir le húsáid alcóil ag imeachtaí scoile.

Nósanna imeachta le haghaidh cumarsáid le baill foirne, thuismitheoirí agus chúramóirí nó gníomhaireachtaí ábhartha eile

Ba chóir do scoileanna a mhíniú cad é mar a chuirfeadh siad in iúl:

- an polasaí don fhoireann, do thuismitheoirí nó chúramóirí agus do ghníomhaireachtaí ábhartha eile; agus
- eolas ar fhreagairt na scoile ar eachtraí áirithe don fhoireann, do dhaltaí, do thuismitheoirí nó chúramóirí agus do na meáin.

Nósanna imeachta le monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar an pholasáí

Ba chóir do scoileanna:

- critéir a fhorbairt le luacháil a dhéanamh ar rath an pholasáí agus na nósanna imeachta a bhaineann leis;
- amscálaí a chur i bhfeidhm le monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar pholasáí;
- béim a chur ar a thábhachtaí atá luacháil agus athbhreithniú i ndiaidh na heachtra;
- machnamh a dhéanamh ar cé a dhéanfaidh monatóireacht agus luacháil ar an pholasáí agus na nósanna imeachta a bhaineann leis; agus
- acmhainní a sholáthar le haiseolas a bhailiú ó na daltaí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí nó na cúramóirí.

Nósanna imeachta leis an chlár oideachais maidir le drugaí a luacháil

Ba chóir do scoileanna a gclár oideachais maidir le drugaí a luacháil taobh istigh de luacháil na scoile ar an churaclam FPCT nó FP.

Oiliúint

Ba chóir do scoileanna oiliúint a chur ar fáil ar na rudaí a leanas:

- an polasaí maidir le drugaí atá ag an scoil a chur i bhfeidhm;
- oideachas maidir le drugaí a sholáthar mar chuid den chlár FPCT nó FP; agus
- freagairt d'eachtra a mheastar a bheith bainteach le drugaí.

Ba chóir dóibh fosta iad seo a sholáthar:

- oiliúint do Bhord na nGobharnóirí; agus
- eolas do thuismitheoirí nó cúramóirí (Aguisín 10).

Polasaí achomair a chruthú lena chur i réamheolaire na scoile

Smaoinigh orthu seo a chur ann:

- réasúnaíocht an pholasáí;
- éiteas na scoile;
- aidhmeanna agus cuspóirí an pholasáí;
- príomhról agus príomhfhreagrachtaí;
- breac-chuntas ar sholáthar curaclaim;
- forbheathnú ar fhreagairt na scoile ar eachtra atá bainteach le drugaí;
- tagairt d'fhoinsí tacaíochta atá ar fáil sa phobal; agus
- eolas ar an áit a bhfaighfí cóip den pholasáí iomlán.

Aguisíní

Bíodh aguisíní ann a bhaineann le léirmhíniú an pholasáí.

Aguisín 3

Seicliosta de Róil agus de Fhreagrachtaí le linn Eachtra a Bhainistiú

Ba chóir do bhaill foirne aonair:

- cúinsí a mheas agus beart a shocrú;
- an áit a dhéanamh sábháilte do na daltaí uilig agus do na baill foirne eile, garchabhair a fháil agus fios a chur ar thacaíocht bhreise ón fhoireann, más gá;
- drugaí agus/nó trealamh gaolmhar nó fianaise ar bith a bhailiú go cúramach agus an fhaisnéis nó an fhianaise uilig a thabhairt don mhúinteoir ainmnithe maidir le drugaí; agus
- tuairisc ghairid fhíorasach ar an eachtra a scríobh agus í a chur ar aghaidh chuig an mhúinteoir ainmnithe maidir le drugaí.

Ba chóir don mhúinteoir ainmnithe maidir le drugaí:

- freagairt do chomhairle nó do mholtaí garchabhróirí;
- tuismitheoirí nó cúramóirí a chur ar an eolas díreach láithreach, sa chás go bhfuil géarchéim ann;
- seilbh a ghlacadh ar shubstaint(i) agus ar threalamh gaolmhar ar bith a aimsítear;
- an príomhoide a chur ar an eolas;
- a bheith freagrach i dtús báire as an dalta, nó na daltaí, atá bainteach leis an eachtra a bhfuil amhras fúithi; agus
- Foirm Thuairisce ar Eachtra Drugaí (féach Aguisín 5) a chomhlíonadh agus í a chur chuig an phríomhoide.


Ba chóir don phríomhoide:

- na cúinsí a bhaineann leis an eachtra a fháil amach;
- a chinntiú go gcuirtear na daoine seo a leanas ar an eolas:
 - tuismitheoirí nó cúramóirí;
 - an t-oifigeach ainmnithe sa limistéar áitiúil de chuid an SPTÉ;
 - Bord na nGobharnóirí; agus
 - an t-oifigeach ainmnithe san Údarás Oideachais nó sa CSCC.
- dul i gcomhairle agus freagairtí tréadchúraim agus araíonachta a chomhaontú, a chuimsíonn seirbhísí comhairleoireachta nó tacaíocht;
- cóip den fhoirm thuairisc eachtra a chur chuig cathaoirleach ar Bhord na nGobharnóirí agus chuig an oifigeach ainmnithe san Údarás Oideachais nó sa CSCC, más cuí; agus
- nósanna imeachta a athbhreithniú agus a leasú, más gá.


Aguisín 4

Láimhseáil Eachtraí atá Bainteach le Drugaí


4.1 Substaint amhrasach nó trealamh a bhaineann le drugaí a aimsiú ar áitribh na scoile nó gar dóibh




4.2 Dalta a mheastar a thóg drugaí/alcól ar áitribh na scoile




4.3 Dalta a meastar seilbh/dáileadh substaint mhídhleathach a bheith ar bun aige



4.4 Dalta a bhfuil alcól nó cógas ordaithe neamhúdraithe ina sheilbh aige ar áitribh na scoile



4.5 Tagann tuismitheoir/cúramóir chuig an scoil le páiste a bhailiú agus an chuma air go bhfuil sé faoi thionchar alcóil nó substaint eile



Aguisín 5

Foirm Thuairisce ar Eachtra a Bhaineann le Drugaí

1. Ainm an Dalta _____ Dáta Breithe _____
Seoladh _____

2. Dáta na hEachtra _____ Tuairiscthe ag _____
Am na hEachtra _____ Suíomh na hEachtra _____

3. Garchabhair tugtha BHÍ/NÍ RAIBH Tugtha ag _____
Fios curtha ar Otharcharr/Dhochtúir BHÍ/NÍ RAIBH Am glaoite _____

4. Tuismitheoir nó cúramóir curtha ar an eolas BHÍ/NÍ RAIBH
Dáta _____ Am _____

5. Áit choinneála na substainte _____ nó
Dáta ar scriosadh an tsubstaint nó ar tugadh don SPTÉ í _____
Am _____

6. SPTÉ curtha ar an eolas BHÍ/NÍ RAIBH
Dáta _____ Am _____

7. Oifigeach Ainmnithe an Údaráis Oideachais nó Oifigeach Ainmnithe Chomhairle na
Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil curtha ar an eolas de réir mar is cuí BHÍ/NÍ RAIBH
Dáta _____ Am _____

8. Foirm comhlánaithe ag _____ Dáta _____
Post _____

Aguisín 6

An Chomhpháirtíocht idir an Scoil agus an Pobal i gCoitinne a Neartú

Gníomhaireachtaí agus daoine aonair seachtracha a úsáid

Is féidir go mbeidh fonn ar scoileanna oilteacht agus scileanna daoine gairmiúla i gcúrsaí oideachais agus sláinte ó ghníomhaireachtaí seachtracha nó ó dhaoine aonair sa phobal i gcoitinne a úsáid. Thig le cuairteoirí ón phobal i gcoitinne a gcuid saineolais, oilteachta agus taithí a thabhairt isteach sa tseomra ranga agus cur chuige úr a ofráil, rud is gnách le daltaí fáilte a chur roimhe. Méadaíonn sé seo fosta eolas na ndaltaí ar na seirbhísí atá ar fáil sa phobal áitiúil agus ar an dóigh leis na seirbhísí seo a rochtain. Féadann seisiúin a bhíonn á seachadadh ag gníomhaireachtaí seachtracha cuidiú le múinteoirí an t-eolas nó an oideolaíocht atá acu a uasdátú sa dóigh go mbeidh sé ar aon dul leis sin atá ag an ghníomhaireacht sheachtrach. Níor chóir do mhúinteoirí, áfach, gníomhaireachtaí seachtracha a úsáid ach mar chuid de chlár pleanáilte a bhfuil neart ullmhúcháin agus gníomhaíocht chuí ina dhiaidh ag baint leis. Thig le Foirne Comhordaithe Drugaí agus Alcóil (FCDAanna) áitiúla comhairle agus treoir, chomh maith le naisc chuig grúpaí pobail agus grúpaí deonacha sa cheantar, a sholáthar. (Is féidir leat sonraí teagmhála do FCDAanna a fháil in Aguisín 10).

Tacú le polasaí na scoile

Tá sé ríthábhachtach go dtugtar cóip de pholasaí drugaí na scoile do ghníomhaíocht nó do dhuine aonair ar bith a thagann isteach sa scoil le tacaíocht a thabhairt do ghné ar bith den churaclam FPAC nó FP, lena n-áirítear oideachas maidir le drugaí. Caithfidh siad a aontú go mbeidh meas acu ar éiteas na scoile agus go mbeidh siad feasach ar chúrsaí rúndachta. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcloíonn siad leis an treoir ar riachtanais ghrinnfhiosrúcháin atá ar fáil i gCiorclán RO 2012/19 agus i gCiorclán RO 2013/01 agus i bpolasaí breise ar leith de chuid na scoile.

Tacú le soláthar curaclaim

Caithfidh múinteoirí a bheith i láthair i dtólamh nuair a bhíonn ionadaí ó ghníomhaireacht nó duine aonair eile i mbun seisiún a réachtáil le rang. Ba chóir do mhúinteoirí ullmhúcháin dian a dhéanamh leis na daltaí don chuairt. Ba chóir dóibh seiceáil a dhéanamh nach bhfuil na daltaí míchompordach leis na hábhair atá faoi chaibidil agus leis na modheolaíochtaí atá in úsáid. Nuair atá an seisiún críochnaithe, ba chóir do mhúinteoirí deis a thabhairt do dhaltaí an méid a tharla a phlé agus luacháil a dhéanamh ar an tseisiún.

Ainneoin na rudaí dearfacha uilig a bhaineann le gníomhaireachtaí seachtracha a úsáid, tá sé tábhachtach nach mbíonn scoileanna ag brath barraíocht ar úsáid a bhaint astu. Níor chóir do scoileanna gníomhaireachtaí seachtracha a úsáid mar mheán le gnéithe d'oideachas maidir le drugaí a theagasc nár mhaith le múinteoirí a theagasc. Caithfidh múinteoirí a chinntiú fosta go gcomhlánaíonn an obair a dheanann na gníomhaíochtaí nó an duine aonair clár leantach oideachais na scoile maidir le drugaí agus go dtacaíonn sé leis mar chuid den tsoláthar fhoriomlán maidir le FPAC nó FP.

Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí nó do chúramóirí

Tá sé tábhachtach go gcuireann scoileanna thuismitheoirí nó cúramóirí ar an eolas sula dtiocfaidh gníomhaireacht nó duine aonair isteach sa scoil le tacú leis an chlár Oideachas maidir le Drugaí aici. Má dhéantar teagmháil le thuismitheoirí nó cúramóirí agus an cineál gníomhaíochtaí a bheas ag tarlú a mhíniú dóibh, cinnteoidh sé go mbeidh an deis acu aon ábhair bhuartha atá acu a ardú roimh an chuairt. Baineann buntáiste breise leis an chomhairliúchán seo sa mhéid go gcuirtear thuismitheoirí nó cúramóirí ar an eolas faoi cad é atá ag tarlú agus go ndéantar naisc idir an baile agus an scoil a neartú.

Ceisteanna samplacha le cur ar ghníomhaireacht sheachtrach sula bhfostófar í

- Cad iad aidhmeanna agus cuspóirí do chlár?
- Cad é mar a nascann siad le Curaclam Thuaisceart Éirinn agus a thacaíonn siad le héiteas ár scoile?
- Cad iad scileanna agus taithí na ndaoine a mbeidh an clár á sheachadadh acu agus an scileanna agus taithí chuí iad?
- Cad é mar a thacóidh do chlár le seachadadh FPAC nó FP inár scoil?
- Cad iad na gníomhaíochtaí is féidir leis an mhúinteoir ranga a dhéanamh le do chlár a thabhairt isteach?
- Cad é an bhaint a bheidh ag an mhúinteoir le seachadadh do chlár?
- Cad é an t-eolas a chuireann tú ar fáil do thuismitheoirí ar ábhar do chlár?

Aguisín 7

Comharthaí a Aithint go Bhfuil Substaintí in Úsáid

Rudaí ba chóir bheith san airdeall orthu:

Má tá duine i gcruachás mar gheall ar dhruaí a chaitheamh is féidir go bhfuil sé:

- imníoch;
- teann;
- scaollmhar;
- róthe agus díhiodráitithe;
- codlatach; nó
- i gcruachás maidir le hanálú a dhéanamh.

An rud ba chóir a dhéanamh

Sa chéad dul síos ba chóir duit:

- fanacht socair;
- é a shuaimhniú agus a shocrú. Ná cuir eagla air agus ná téigh sa tóir air;
- iarracht a dhéanamh lena fháil amach cad é atá caite aige; agus
- fanacht ina chuideachta.

Má tá imní, scaoll nó teannas ar an duine, ba chóir duit:

- é a chur ina shuí i seomra ciúin suaimhneach;
- é a choinneáil ar shiúl ón tslua, ó shoilse geala agus ó fhuaimneanna arda;
- a insint dó análú go mall agus go domhain; agus
- fanacht ina chuideachta.

Má tá an duine **iontach** codlatach, ba chóir duit:

- é a chur ina shuí in áit chiúin agus é a choinneáil múscailte;
- glaoch ar otharcharr agus é a chur sa luí téarnaimh ar an toirt má tá sé gan aithne nó má éiríonn sé neamhfhreagartha;
- gan scanradh, scairt nó suaitheadh a chur air;
- gan caifé a thabhairt dó lena mhúscailt; agus
- gan é a chur faoi chithfholcadh fuar lena 'mhúscailt'.

Má tá an duine **gan aithne** nó má tá deacracht análaithe aige, ba chóir duit:

- glaoch ar otharcharr ar an toirt;
- é a chur sa luí téarnaimh;
- fanacht ina chuideachta go dtí go dtiocfaidh an t-otharcharr; agus
- insint d'fhoireann an otharchairr cad é an druga a chaith sé má tá a fhios agat; cuideoidh sé sin lena chinntiú go bhfaighidh sé an cóir leighis cheart láithreach.

Aguisín 8

Conair Tharchuir d'Eachtraí Sonraithe Scoile

Cineál eachtra:

Tarchuir chuig an fhoireann inmheánach:

Déan an eachtra a tharchur chuig:

a. _____

b. _____

Tarchuir chuig gníomhaireacht sheachtrach:

Sonraí teagmhála do ghníomhaireachtaí nó do phearsanra ábhartha.

Ainm na Gníomhaireachta _____

Ainm an Teagmhálaí _____

Seoladh _____

Sonraí Ábhartha _____

Uimhir Theagmhála _____

Seoladh R-phost _____

Ainm na Gníomhaireachta _____

Ainm an Teagmhálaí _____

Seoladh _____

Sonraí Ábhartha _____

Uimhir Theagmhála _____

Seoladh R-phost _____

Ainm na Gníomhaireachta _____

Ainm an Teagmhálaí _____

Seoladh _____

Sonraí Ábhartha _____

Uimhir Theagmhála _____

Seoladh R-phost _____

Ainm na Gníomhaireachta _____

Ainm an Teagmhálaí _____

Seoladh _____

Sonraí Ábhartha _____

Uimhir Theagmhála _____

Seoladh R-phost _____

Aguisín 9

Nósanna Imeachta Éigeandála

Is í seo an chomhairle reatha is fearr ar cad é atá le déanamh má tá duine i gcruachás mar gheall ar mhí-úsáid drugaí.

- Tá sé tábhachtach a fháil amach cad é atá caite ag an duine cionn is go bhféadfadh a leithéid tionchar a imirt ar chabhair éigeandála, mar shampla cuideoidh sé le foireann an otharchairr. Déan a chuid éadaigh a scaoileadh agus cuir fios láithreach ar an otharcharr.
- Má tá substaint dúlagráin caite ag an duine, mar shampla tuaslagóirí, alcól, piollairí suain nó pianmhúcháin, is cosúil go mbeidh sé codlatach nó gan aithne. Má tá an duine codlatach, tá sé tábhachtach go gcoinnítear múscaíte é trí bheith ag labhairt leis nó trí éadach nó tuáille fionnuar tais a chur ar chúl a mhuiníl. Níor chóir duit aon rud a thabhairt le hithe nó le hól dó mar d'fhéadfadh urlacan nó tachtadh a bheith mar thoradh air.
- Má tá se gan aithne, cuir sa luí téarnaimh é, glan amach an t-aerbhealach má tá sé blocáilte agus coinnigh ort ag seiceáil athruithe ar bith sa chuisle agus sna rátaí anáilaithe aige.
- Má stopann an duine de bheith ag anáilú, tosaigh ar athbheochan béal le béal, le comhbhrúnna cliabhraigh ar dtús. (Mura bhfuil oiliúint ACS agat nó má tá tú buartha faoi athbheochan béal le béal a dhéanamh le coimhthíoch, féadann tú ACS comhbhrúnna cliabhraigh amháin (nó lámha amháin) a dhéanamh. Fan leis an duine go dtí go dtiocfaidh foireann an otharchairr agus ansin inis dóibh na fíricí uilig, an rud a chaith an duine san áireamh. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach cionn is go bhféadfadh sé beatha an duine a shábháil.
- Má tá spreagthach caite ag an duine, amhail amfataimíní (luasóg) nó eacstais, is féidir go mbeidh comharthaí éagsúla anacra á léiriú aige. Má tá scaoll ar an duine, déan iarracht é a chur ar a shuaimhneas. Tá sé tábhachtach go socraíonn sé síos agus go suaimhníonn sé. Abair leis a bheith ag anáilú isteach agus amach, go domhain agus go mall. Cuntais os ard go mall le cuidiú leis. Má thosaíonn sé a hipearanáilú – is é sin nach dtig leis an t-anáilú a smachtú – abair leis a bheith ag anáilú isteach agus amach i mála páipéir (ná húsáid mála plaisteach) má tá a leithéid ar fáil.
- Má tá siabhraigin, amhail LSD, beacáin draíochta nó cannabas caite ag an duine i dteannta eacstaise, is féidir go n-éireoidh sé iontach imníoch, buartha agus eaglach. Is féidir go mbeidh iompar neamhghnách aige. Tá sé iontach tábhachtach go ndéantar an duine a shuaimhniú - abair leis go dtabharfaidh tú aire dó, nach bhfuil sé i mbaol, gurb iad éifeachtaí na substainte atá i gceist agus go n-imeoidh siad go gasta. Is féidir gur mhaith leat an duine a thabhairt chuig áit chiúin, daoine eile a choinneáil ar shiúl agus leanúint leis an duine féin a shuaimhniú. Fan leis an duine agus labhair go socair suaimhneach leis go dtí go dtiocfaidh an t-otharcharr.

Aguisín 10

Teagmhálacha Úsáideacha i dTuaisceart Éireann

Údarás Oideachais (Boird Oideachais agus Leabharlainne san am a chuaigh thart)		
Réigiún Bhéal Feirste	Fón: 028 9056 4000	www.belb.org.uk
Réigiún an Oirthuaiscirt	Fón: 028 9448 2200	www.neelb.org.uk
Réigiún an Oirdheiscirt	Fón: 028 9056 6200	www.seelb.org.uk
Réigiún an Deiscirt	Fón: 028 3751 2200	www.selb.org
Réigiún an Iarthair	Fón: 028 8241 1411	www.welbni.org

Cuireann Comhairleoirí na Deoise		
Cuireann Comhairleoirí na Deoise tacaíocht ar fáil do scoileanna faoi chothabháil, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leo ag Oifigí na Deoise thíos: Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CSCC)	Fón: 028 9042 6972	www.onlineccms.com

An Roinn Oideachais		
Tá faisnéis agus foinsí cuidithe curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais ar réimse ábhar, lena n-áirítear caitheamh tobac agus drugaí, mar chuid den chlár iMatter.		www.deni.gov.uk

Seirbhís Neamhspleách Comhairleoireachta do Scoileanna		
Maoiníonn an Roinn Oideachais an tSeirbhís Neamhspleách Comhairleoireachta do Scoileanna (SNCS). Tá sé ar fáil do gach dalta atá in aois na hiarbhunscolaíochta, iad siúd atá i scoileanna speisialta ina measc, le linn uaireanta na scoile agus ar áitribh na scoile. Déantar teagmháil tríd an scoil.	Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ón Chomhordaitheoir Réigiúnach SNCS ag 028 9127 9729	

Sláinte agus Sábháilteachta		
Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta	Fón: 028 9024 3249 do Thuaisceart Éireann (FSSTÉ)	www.hseni.gov.uk

An Gníomhaireacht Sláinte Phoiblí do Thuaisceart Éireann

Is eagraíocht réigiúnach í an Gníomhaireacht Sláinte Phoiblí (GSP) a bhfuil sé d'aidhm aici sláinte agus folláine an daonra a chosaint agus a chothú. Bunaíodh i mí Aibreáin 2009 í mar chuid de na leasuithe ar Chúram Sláinte agus Sóisialta i dThuaisceart Éireann. Tugann an GSP aghaidh ar chúiseanna agus ar mhíchothromaíochtaí gaolmhara na heasláinte agus na heaspa folláine atá inchoiscthe. Is eagraíocht ildisciplíneach ilghairmiúil í a oibríonn ar bhonn réigiúnach agus áitiúil. Tá an GSP freagrach as seirbhísí a choimisiúnú le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le halcól, le tobac agus le drugaí fud fad Thuaisceart Éireann.

www.publichealth.hscni.net

Foirne Áitiúla Comhordaithe Drugaí agus Alcóil

Tá sonraí teagmhála do sheirbhísí áitiúla sna hEolairí Seirbhísí Áitiúla atá ullmhaithe ag na FCDAnna.

www.publichealth.hscni.net

Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ)

Scuad Drugaí

Fón: 028 9065 0222

Páirtíocht Pobail

Fón: 028 9070 0964

Coscairí Coireanna

Fón: 080 0555 111

Gníomhaireachtaí Cóireála, Comhairleoireachta agus Tacaíochta

Eagraíochtaí Sláinte agus Sóisialta

www.publichealth.hscni.net

Tacaíocht Teaghlaigh TÉ

www.familysupportni.gov.uk

Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh

www.belfasttrust.hscni.net

Eagraíochtaí Áitiúla

Seo liosta d'eagraíochtaí áitiúla a chuireann faisnéis, comhairle agus/nó acmhainní ar fháil faoi dhruaí.

www.mindingyourhead.info

www.fasaonline.org

www.talktofrank.com

www.thesite.org/drinkanddrugs

www.nhs.uk/Livewell/Pages/Topics.aspx

Eagraíochtaí Náisiúnta

Liosta d'eagraíochtaí náisiúnta a chuireann faisnéis, comhairle agus/nó acmhainní ar fáil faoi dhrugaí:		
Adfam, London		www.adfam.org.uk
Action on Smoking and Health (ASH), London		www.ash.org.uk
Alcohol Concern, London		www.alcoholconcern.org.uk
CAMH, UK		www.camh.org.uk
FRANK, UK		www.talktofrank.com
Drugscope, London		www.drugscope.org.uk
HIT, Liverpool		www.hit.org.uk
Lifeline, Manchester		www.lifeline.org.uk
Release, London		www.release.org.uk
Lions Lifeskills		www.lionslifefskills.co.uk
Want 2 Stop, Public Health Agency		www.want2stop.info
National Drugs Helpline	0800 776600 text 82111	
AA National Helpline	0845 769 7555	



